Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Feabhra 2022
(OR. en)

6318/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0039(COD)**

**ESPACE 12
RECH 90
COMPET 100
IND 43
EU-GNSS 6
TRANS 86
AVIATION 31
MAR 25
TELECOM 59
MI 117
CSC 45
CSCGNSS 1
CFSP/PESC 172
CSDP/PSDC 72
CODEC 168
IA 14
CADREFIN 16**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 57 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 57 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 57 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 15.2.2022
COM(2022) 57 final

2022/0039 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027**

{SEC(2022) 77 final} - {SWD(2022) 30 final} - {SWD(2022) 31 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is é cuspóir ginearálta an togra seo córas cumarsáide satailíte slán de chuid an Aontais a bhunú (dá ngairfear 'an Clár' anseo feasta) lena n-áiritheofar go soláthrófar seirbhísí cumarsáide satailíte atá slán, solúbtha agus athléimneach ar fud an domhain d'eintitis rialtais an Aontais agus na mBallstát.

Soláthraítear cumhdach uileláithreach, atá comhlántach le líonraí talún (talamhbhunaithe i bhfoirm nasc cábla amhail leathanbhanda snáthoptaice nó gan sreang) le cumarsáid satailíte. Leis an gcumarsáid satailíte is féidir na hacmhainní a sholáthar don chumarsáid dhigiteach gan uaim i limistéir nach bhfuil líonraí talún iontu (e.g. aigéin, le linn eitiltí, nó in áiteanna iargúlta / oileáin nach bhfuil aon chumhdach ceallach ná leathanbhanda iontu), i limistéir inar scriosadh iad (e.g. le linn tuilte, nó dóiteáin foraoise) nó i gcás nach bhfuil na líonraí áitiúla iontaofa (i gcásanna géarchéime, nó le haghaidh seirbhísí taidhleoireachta i dtríú tíortha nó le haghaidh oibríochtaí íogaire rialtais).

Is sócmhainn straitéiseach é GOVSATCOM, a bhfuil dlúthbhaint aige leis an tslándáil náisiúnta, agus atá in úsáid ag formhór na mBallstát. Is iondúil go mbíonn úsáideoirí poiblí i bhfabhar réitigh atá faoi úinéireacht rialtais[1] nó réitigh phríobháideacha phoiblí[2] nó go mbaineann siad úsáid as soláthraithe príobháideacha creidiúnaithe sonracha. I measc na gcásanna úsáide tá oibríochtaí faireachais, bainistiú géarchéime, lena n-áirítear cosaint shibhialta agus oibríochtaí daonnúla i dtubaistí nádúrtha nó i dtubaistí de dhéantús an duine agus nasc le príomhbhonneagar agus cosaint an phríomhbhonneagair.

I ngeall ar scála agus castacht na n-infheistíochtaí is gá, agus na sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag cumas coiteann, sainaithníodh Govsatcom chomh luath le 2013[3] mar réimse a bhfuil gealladh faoi maidir le tionscnaimh an Aontais, agus an fhéidearthacht ann rannchuidiú go follasach leis na cuspóirí chun Aontas Eorpach a bheidh láidir, slán agus athléimneach a bhaint amach. Is dlúthchuid anois é den Straitéis Spáis don Eoraip[4], den Phlean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint[5] agus de Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh. Sna conclúidí ón gComhairle ina dhiaidh sin, cuireadh fáilte leanúnach roimh choincheap bhonneagar cumarsáide satailíte rialtais de chuid an Aontais[6].

Glacadh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (dá ngairtear an 'Rialachán Spáis' anseo feasta), ba é sin an chéad chéim i dtreo an chuspóra sin maidir le hathléimneacht, trí chomhpháirt thiomnaithe GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais a bhunú Is é is aidhm dó an leas is fearr is féidir a bhaint as an acmhainneacht cumarsáide satailíte atá ann cheana d'úsáideoirí rialtais ar bhonn chomhthiomsú agus chomhroinnt na n-acmhainní cumarsáide satailíte náisiúnta agus príobháideacha de chuid an Aontais atá ar fáil. Mar gheall ar shaolré

1 Áirítear ar úinéirí SATCOM Rialtais an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, Lucsamburg, an Spáinn.

2 Amhail Satcom BW na Gearmáine nó GovSat Lucsamburg.

3 Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 19/20 Nollaig 2013

4 An Straitéis Spáis don Eoraip COM(2016) 705 final.

5 an Plean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint, COM(2016)950 final.

6 Noll. 2013 EUCO, Noll. 2014 COMPET Space, Bealtaine 2015 An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, Cosaint

teoranta satailíte (thart ar 15 bliana le i gcás satailítí fithise geochobhsaí (GEO)) beidh gá le hathlánú sna deich mbliana amach romhainn ar roinnt de na bonneagair atá faoi úinéireacht rialtais a bheidh mar chuid de chomhthiomsú agus de chomhroinnt GOVSATCOM[7]. Ar an gcúis sin, foráladh le Rialachán (AE) 2021/696 go mbeadh gá le measúnú a dhéanamh ar éabhlóid na riachtanas cumarsáide satailíte. De réir an Rialacháin seo, má léirítear leis an measúnú seo, 'nach leor an cur chuige sin chun an t-éileamh athraitheach a chumhdach, ba cheart a bheith in ann cinneadh a ghlacadh aistriú chuig an dara céim agus bonneagair nó cumais spáis shaincheaptha a fhorbairt le comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach amháin nó níos mó, e.g. le hoibreoirí satailíte de chuid an Aontais.'

Chuir roinnt staidéar[8] bunús cuí leis an éabhlóid riachtanas sin: Go traidisiúnta, baineadh úsáid as cumarsáid satailíte le haghaidh cumarsáide gutha agus chun sonraí a aistriú i limistéir iargúlta (e.g. ar muir), ach tá cineál na gcásanna úsáide ag athrú go tapa, rud a éilíonn aga folaigh[9] ísealfheidhmíochta agus cumhdach domhanda. Cé go raibh cumarsáid satailíte ag brath go príomha ar spásárthaí geoisioncronacha (GEO) go dtí seo, d'fhág an dul chun cinn teicniúil go raibh buíonta cumarsáide neamh-gheochobhsaí (NGSO), lena gcuimsítear satailítí i nDomhanfhithis íseal (LEO) agus i nDomhanfhithis Mheánach (MEO), in ann teacht chun cinn agus go raibh siad in ann feidhmíocht a chur ar fáil lena bhfreastalaítear ar riachtanais úsáideoirí atá ag athrú i gcónaí.

Le leibhéil mhéadaitheacha na mbagairtí hibrideacha agus na cibearbhagairtí agus claonadh na dtubaistí nádúrtha, spreagtar riachtanais athraitheacha na ngníomhaithe rialtais i dtreo slándáil mhéadaithe, iontaofacht agus infhaighteacht réiteach cumarsáide satailíte atá comhchuimseach. Cruthaítear bagairt bhreise mar gheall ar theacht chun cinn ríomhairí candamacha. Mar gheall ar a gcuid cumas ar tháinig feabhas bunúsach orthu, meastar go mbeidh ríomhairí candamacha in ann ábhar atá criptithe faoi láthair a dhíchriptiú. Is é is aidhm don tionscnamh maidir le Bonneagar Cumarsáide Candamaí na hEorpa (EuroQCI)[10] córais chripteagrafacha a sheasfaidh an aimsir a fhorbairt chun leibhéil chumarsáide shláine nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe a chur ar fáil trí aghaidh a thabhairt ar ionsaithe ríomhaireachta candamaí sa todhchaí. Tá EuroQCI á mhaoiniú faoi láthair tríd an gclár Fís Eorpach, an clár don Eoraip Dhigiteach, agus tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa - an Clár Oibre Digiteach. Ina theannta sin, sainaithnítear i dtuarascáil an Choimisiúin um Fhadbhreathnaitheacht Straitéiseach[11] go mbeidh an hipirnascacht dhigiteach agus an claochlú teicneolaíoch ina meigithreochtaí forleathana sa leathchéad atá le teacht, a mbeidh éileamh ar sheirbhísí nach bhfacthas a leithéid cheana mar bhonn taca leo, mar shampla geilleagar sonraí agus maoiniú.

Déantar nascacht dhomhanda cumarsáide satailíte a láimhseáil mar a bheadh sócmhainn straitéiseach inti de thoradh an dul chun cinn sin. Chun na críche sin, tá roinnt mórthionscadal, a bhfuil tacaíocht acu ó rialtas an Aontais agus a bhfuil cuspóirí straitéiseacha

---

7 PwC (2016) 'Satellite Communication to support EU Security Policies and Infrastructures'.

8 'The European Networking for satellite Telecommunication Roadmap for the governmental Users requiring Secure, inTeroperable, InnovativE and standardiseD services' ['an Treochlár Eorpach um Líonrú le haghaidh Teileachumarsáid satailíte le haghaidh na n-úsáideoirí rialtais óna dteastaíonn seirbhísí slána, idir-inoibritheacha, nuálaíocha agus caighdeánaithe'] (ENTRUSTED) go háirithe, tionscadal taighde arna mhaoiniú faoi Chlár Taighde agus Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh Fís 2020 an chomh maith leis an staidéar 'Building Blocks Towards a Secure Space Connectivity System' ['Bloic thógála i dtreo Córas Nascachta Sláine don Spás'] (DEFIS/2020/OP/008)

9 Aga folaigh: fad na moille, arna thomhas i milleasoicindí (ms), a bhíonn ann i dtarchur sonraí dé-aistir chuig satailít.

10 European Quantum Communication Infrastructure (EuroQCI) Declaration ['Dearbhú maidir le Bonneagar Cumarsáide Candamaí na hEorpa (EuroQCI)']

11 Strategic_Foresight_Report_2021_en.pdf (europa.eu).

éagsúla acu ó thaobh nascachta de, ar bun faoi láthair[12]. Leis na bonneagair straitéiseacha sin arna dtionscnamh ag na mórchumhachtaí spáis uile, léirítear an gá domhanda atá ag dul i méid le seirbhísí rialtais chun nascacht athléimneach a áirithiú, ní hamháin chun tacú lena n-oibríochtaí slándála, ach chun bonneagair chriticiúla a nascadh, géarchéimeanna a bhainistiú chomh maith le tacú le faireachas teorann agus muirí.

Go dtí seo, níl aon sócmhainn de chuid an Aontais, idir shócmhainní oibríochtúla agus sócmhainní atá i gcríochnú, i nDomhanfhithis Íseal (LEO) nó i nDomhanfhithis Mheánach (MEO) a d'fhéadfadh freastal ar riachtanais athraitheacha na n-úsáideoirí rialtais. Na hacmhainní tiomanta cumarsáide satailíte atá ann cheana, lena gcuirtear seirbhísí rialtais ar fáil do na Ballstáit, tá siad bunaithe ar líon laghdaithe sócmhainní GEO, lena gcumhdaítear an Eoraip den chuid is mó. Tá formhór na hacmhainneachta tiomnaithe do mhisin mhíleata, le rialú láidir rialachais (ó bhonneagar faoi úinéireacht go comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha diana). Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil na seirbhísí lena soláthraítear na cumais cumarsáide satailíte míleata sin curtha in oiriúint chun freastal ar riachtanais mhíleata ar leith, go háirithe maidir le minicíocht, criptiú, sainiúlachtaí comharthaíochta, teirminéal úsáideoirí agus leibhéal an aicmithe, ní féidir iad a úsáid i bhformhór na bhfeidhmeanna rialtais sibhialtacha.

Mar thoradh ar dhul chun cinn teicneolaíoch aga folaigh íseal, tá meigea-bhuíonta satailítí neamh-AE a fhaigheann tacaíocht phoiblí nó fóirdheontais, ag teacht chun cinn sna Stáit Aontaithe, sa tSín agus sa Rúis. Ag an am céanna, tá ganntanas comhduithe minicíochta agus spásagaí fithiseacha ar fáil mar gheall ar an méadú mór ar na meigea-buíonta sin. Mar gheall air sin mar aon le saolré theoranta acmhainneacht GOVSATCOM, ábhar práinne is ea córas nascachta sláine de chuid an Aontais atá spásbhunaithe. Chumhdódh an Clár na bearnaí acmhainneachta agus cumais le haghaidh seirbhísí cumarsáide satailíte rialtais.

Ba cheart go bhfágfadh an Clár freisin go soláthródh an earnáil phríobháideach seirbhísí cumarsáide satailíte tráchtála. D'fhágfadh seirbhísí tráchtála den sórt sin go háirithe go mbeadh infhaighteacht leathanbhanda ardluais agus nascacht gan uaim ar fud na hEorpa, deireadh a chur le limistéir chumarsáide mharbha agus comhtháthú a mhéadú ar fud chríocha na mBallstát, lena n-áirítear i limistéir tuaithe, leithlisithe, iargúlta agus fhorimeallacha agus in oileáin, agus nascacht a sholáthar thar limistéir gheografacha lasmuigh den Aontas a bhfuil leas straitéiseach ag baint leo.

Rinneadh measúnú ar chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí sa mheasúnú tionchair agus cinneadh gurb í an tsamhail cur chun feidhme is oiriúnaí lena áirithiú go bhféadfaí cuspóirí an Chláir a shaothrú. D'fhágfadh sé go mbeifí in ann cur leis an mbonn teicneolaíoch agus bonneagair atá ag an Aontas cheana i dtaobh na cumarsáide satailíte agus seirbhísí rialtais láidre agus nuálaíocha a chur ar fáil. Ag an am céanna, chuirfeadh sé ar chumas na gcomhpháirtithe príobháideacha bonneagar an Chláir a chomhlánú le cumais bhreise chun seirbhísí tráchtála a thairiscint. Ina theannta sin, dhéanfadh sé sin costais imscartha agus oibríochta a bharrfheabhsú trí chostais forbartha agus imscartha a roinnt ar chomhpháirteanna atá i gcoiteann ag bonneagair rialtais agus tráchtála araon, chomh maith le costais oibriúcháin trí ardleibhéal frithpháirtiúcháin acmhainne a cheadú. Spreagfadh sé nuálaíocht go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnólachtaí nuathionscanta a imscarann teicneolaíochtaí agus feidhmeanna nuálacha spáis ('Spás Nua') trí chomhroinnt na rioscaí taighde agus forbartha idir comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha a chumasú.

12 Amhail 'Transport Layer' Ghníomhaireacht Forbartha Spáis na Stát Aontaithe, arb é atá ann buíon satailíte ina bhfuil idir 300 agus 500 satailít nó méid is mó ná sin in LEO), ag airde ó 750 km go 1200 km, nó 'Sfera' Roscosmos na Rúise, buíon satailítí ina bhfuil 640 satailít ag fithis 870 km.

I gcomhthráth leis an gclár seo:

- leis an gClár Fís Eorpach, leithdháilfear sciar tiomnaithe dá chomhpháirteanna Bhraisle 4 ar ghníomhaíochtaí T&N lena gcumasaítear comhroinnt rioscaí taighde agus cumarsáide idir comhpháirtíochtaí poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear le haghaidh na dteicneolaíocht a d'fhéadfaí a fhorbairt faoin Spás Nua;
- leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI), leithdháilfear sciar tiomnaithe de na gníomhaíochtaí a bhaineann leis An Eoraip Dhomhanda, ar gníomhaíochtaí iad lena gcumasaítear comhroinnt na rioscaí imscartha agus saothraithe idir comhpháirtíochtaí poiblí agus príobháideacha le haghaidh an chórais nascachta agus lena bhféadfar réimse seirbhísí a mbeidh sochair fhabhraithe ag baint leo a thairiscint do chomhpháirtithe idirnáisiúnta;
- le Clár Spáis an Aontais, leithdháilfear sciar tiomnaithe dá chomhpháirt GOVSATCOM le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt Mhol GOVSATCOM a bheidh mar chuid de bhonneagar an chórais Nascachta Sláine ar talamh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an Clár atá beartaithe comhsheasmhach le beartas spáis an Aontais atá ann cheana. Go háirithe, chuirfeadh an clár le hacmhainneacht spáis an Aontais, lena gcuimsítear faoi láthair córais loingseoireachta satailíte an Aontais agus córais an Aontais um fhaire na Cruinne, is iad sin Galileo agus Copernicus faoi seach, chomh maith le hacmhainneachtaí maidir le Feasacht Staide an Spáis. Is forbairt é an Clár ar chomhpháirt GOVSATCOM AE de chlár spáis an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le roinnt beartas eile de chuid an Aontais. Go háirithe, dá soláthrófaí seirbhísí rialtais, d'áiritheofaí comhtháthú breise i gcomhréir le Straitéisí Digiteacha agus Cibearshlándála an Aontais, trí shláine agus athléimneacht bhonneagar, líonraí agus chumarsáid na hEorpa a áirithiú. Bheadh an Clár á oibriú ag an Aontas agus chuirfeadh sé leibhéal fíor-ard slándála ar fáil, agus leis sin neartófaí an cumas freagairt chomhtháite ón Aontas a thabhairt ar bhagairtí slándála, mar a iarradh i **Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála** agus sa Straitéis dhomhanda maidir le **Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh**. Nascfadh na seirbhísí **réimsí straitéiseacha** amhail an tArtach agus an Afraic, i gcomhréir le spriocanna beartais sna réigiúin sin agus le **straitéis na Tairsí Domhanda**.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 189(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), arb é an bunús dlí é le haghaidh bearta an Aontais i ndáil leis an mbeartas Eorpach don spás a ghlacadh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Mar gheall ar scála domhanda agus ar chineál na nascachta, ní féidir aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist ar an leibhéal áitiúil ná ar an leibhéal réigiúnach fiú.

Comhlánófar leis an gClár socruithe GOVSATCOM AE atá ann cheana maidir le comhthiomsú agus comhroinnt na hacmhainneachta cumarsáide satailíte rialtais atá ann cheana. Mar sin féin, níl sé d'acmhainn ag aon Bhallstát den Aontas ina aonar riachtanais athraitheacha na n-úsáideoirí agus na costais a ghabhann leo a chomhlíonadh.

Cuireann réiteach AE breisluach ar fáil toisc go seachnódh gníomhaíocht agus comhordú ar leibhéal an Aontais dúbláil iarrachtaí ar fud an Aontais agus na mBallstát. D'fhágfadh sé go mbainfí leas níos fearr as na sócmhainní atá ann cheana, go mbeadh breis slándála agus athléimneachta ann, go háirithe trí chripteagrafaíocht chandamach, go mbeadh cumhdach níos fearr ann, agus go gcuirfí raon níos mó seirbhísí ar fáil. Rachadh sé chun tairbhe do bheartais théamacha eile de chuid an Aontais agus de chuid na mBallstát freisin.

Is buntáiste eile a bhaineann le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais í an bharainneacht scála. Is iondúil go mbíonn riachtanais na n-úsáideoirí aonair ar fud na mBallstát ilchineálach agus nach féidir iad a thuar go minic maidir le raon feidhme, acmhainn, uainiú agus suíomh. Gné atá i gcoiteann i ngach cás úsáide is ea an gá atá le solúbthacht mar gheall ar an ngá le hacmhainneacht chumarsáide, ar gá é nach féidir a thuar agus a bhíonn ag athrú gan treocht. Tá gá le hinfheistíochtaí móra chun solúbthacht den sórt sin maidir le rochtain ar acmhainneacht a fháil.

- **Comhréireacht**

Ní thugtar isteach leis an togra aon bheart seachas na bearta is gá chun príomhchuspóirí an Chláir seo a bhaint amach. Go háirithe, sainítear sa togra na híoscheanglais maidir le córas nascachta sláine don Eoraip a bhunú agus maidir le seirbhísí cumarsáide satailíte rialtais oiriúnacha a sholáthar. I ndáil leis sin, ceapfar acmhainneacht an chórais chun, *inter alia*, acmhainní cumarsáide satailíte na mBallstát atá ann cheana a chomhlánú agus na riachtanais bhreise acmhainneachta atá beartaithe a chumhdach. Maidir leis na cumais sin a chinneann gníomhaithe rialtais na mBallstát a úsáid, ní thugtar isteach leis an togra aon srian orthu a bheith in ann iad a roghnú.

Meastar go mbeidh éifeacht iarmhartach dearfach ag an togra ar earnáil spáis an Aontais, lena n-áirítear an Spás Nua. Ina theannta sin, bainfidh saoránaigh tairbhe as feidhmíocht oibríochtúil fheabhsaithe maidir leis an gcosaint shibhialta.

Ar deireadh, tá an buiséad a leithdháiltear ar an gClár oiriúnach chun na cuspóirí a leagtar síos a bhaint amach agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach. Cinneadh ar na cistí is gá chun an Clár a chur ar fáil bunaithe ar roinnt anailísí agus meastacháin chúramacha a rinneadh mar chuid den mheasúnú tionchair a thuairiscítear thíos.

- **An rogha ionstraime**

Is é an rogha ionstraime Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Áirithítear leis an aonfhoirmeacht agus an cur i bhfeidhm díreach atá riachtanach chun an Clár a chur chun feidhme go héifeachtach, agus infheictheacht chuí á tabhairt dó agus na hacmhainní airgeadais a bhfuil gá aige leo dá chur chun feidhme á soláthar dó ag an am céanna.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

N/B

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tacaítear leis an gClár seo le hionchur ó chruinnithe grúpa saineolaithe, ó chomhairliúcháin phoiblí agus ó cheardlanna a bhailigh tuairimí na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile (na Ballstáit agus an earnáil tionsclaíochta), is é sin le rá:

- Ó 2016 i leith, tionóladh go leor cruinnithe grúpa saineolaithe le Ballstáit i gcomhthéacs thionscnamh GOVSATCOM AE, inar pléadh riachtanais na cumarsáide satailíte rialtais, bunú an chomhthiomsaithe agus na comhroinnte, gnéithe cur chun feidhme agus forbairtí i dtreo an Chláir reatha.
- In 2021, tionóladh go leor cruinnithe déthaobhacha leis na Ballstáit chun a riachtanais shonracha a bhailiú maidir le cumarsáid satailíte rialtais agus maidir le hábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an gClár. Luaigh formhór na mBallstát go dtacaíonn siad go soiléir leis an gClár agus lena chuspóirí foriomlána.
- I mí na Bealtaine agus i mí na Samhna 2021, reáchtáil an Coimisiún dhá cheardlann leis na Ballstáit maidir le 'Nascacht Shlán – Staid na hImeartha'. Le linn na gceardlann sin, cuireadh i láthair dul chun cinn maidir leis an staidéar teicniúil ar nascacht shlán, in éineacht leis na samhlacha saothraithe a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcóras. D'fhág na ceardlanna go raibh na Ballstáit in ann idirghabhálacha gníomhacha a dhéanamh, ceisteanna a chur agus tuairimí a thabhairt, agus cuireadh san áireamh iad agus an togra seo á fhorbairt.
- I mí an Mheithimh 2021, reáchtáil an Coimisiún an 'Ceardlann maidir le Nascacht Shlán d'Éiceachóras an Spáis Nua don Eoraip'. Phléigh 458 rannpháirtí (lena n-áirítear 196 FBM agus gnólacht nuathionscanta) smaointe nuálacha don Chlár um Nascacht Shlán agus an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an Spás Nua.
- Mar chuid den aiseolas ón bpobal don Mheasúnú Tionchair Tosaigh, fuair an Coimisiún aiseolas ó 13 pháirtí leasmhar, a léirigh tuairimí ó ghrúpa de chríocha an Aontais inar tearc an daonra (1), cuideachtaí príobháideacha (8), comhlachais ghnó (2), eagraíocht neamhrialtasach (1), agus saoránach príobháideach (1). Thacaigh an earnáil tionsclaíochta leis an gClár, agus bhí a bhformhór i bhfabhar cur chuige comhpháirtíochta poiblí príobháidí (CPP).

Tá comhaontú ginearálta i measc na mBallstát maidir leis an ngá atá le gníomhaíocht. Chuir roinnt Ballstát in iúl go láidir go bhféadfadh acmhainneachtaí náisiúnta riachtanais ghearrthéarmacha a shásamh, ach nach leor iad san fhadtéarma. Tá roinnt de na bearnaí (e.g. san Artach) atá ann doiciméadaithe cheana féin. Ina theannta sin, dhearbhaigh roinnt Ballstát go bhfuil méadú ag teacht ar na riachtanais rialtais atá acu maidir le rochtain ráthaithe ar chumarsáid satailíte shlán.

Chuir na Ballstáit i dtábhacht freisin an gá atá leis an Spás Nua a bheith rannpháirteach, toisc gur léirigh gnólachtaí nuathionscanta go bhfuil siad ag dul chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de agus go bhfuil fonn orthu cur le réitigh nuálacha.

Dhearbhaigh ionadaithe thionscal spáis an Aontais Eorpaigh le linn na céime forbartha eolais nach bhfuil aon phlean ag cuideachtaí príobháideacha an Aontais, ina n-aonar, buíon cumarsáide satailíte a chruthú chun freastal ar riachtanais rialtais atá ag teacht chun cinn agus atá ag méadú maidir le haga folaigh íseal. Mar sin féin, ba dhíol sásaimh dóibh an deis a bheith acu dul i gcomhar leis an Aontas chun den sórt sin a fhorbairt.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tacaítear leis an togra freisin le sonraí arna mbailiú agus le torthaí ón staidéar maidir le ‘‘Bloic thógála i dtreo Córas Nascachta Sláine don Spás[13]’.

Chuir an Coimisiún comhairleoir neamhspleách ar conradh freisin chun tacú leis an anailís ar thairbhí indíreacha an Chláir tríd an tacaíocht agus an anailís eacnaiméadrach ábhartha a chur ar fáil.

Ar deireadh, bailíodh sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara tionscail ábhartha lena dtacaítear leis an togra seo. Baintear leas sa togra seo freisin as obair an Choimisiúin maidir le comhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais Eorpaigh, agus as an tionscnamh EuroQCI, agus as na gníomhaíochtaí taighde arna ndéanamh faoi chuimsiú an tionscadail ENTRUSTED[14].

- **Measúnú tionchair**

I gcomhréir lena bheartas ‘Rialáil Níos Fearr’, rinne an Coimisiún measúnú tionchair i bhfianaise bhunú an Chláir.

Mar thoradh ar na fadhbanna a ndearnadh anailís orthu sa mheasúnú tionchair, agus mar a luadh thuas freisin, ceapadh trí chuspóir beartais shonracha:

- Soláthar cumarsáide satailíte sláine a áirithiú le haghaidh riachtanais phoiblí a bhíonn ag athrú;
- Cur le hathléimneacht na mBallstát agus oibríochtaí an Aontais trí rochtain ráthaithe a thabhairt ar chumarsáid shlán satailíte;
- A áirithiú nach mbeidh riachtanais chumarsáide rialtais ag brath go criticiúil ar bhonneagar neamh-AE.

Chun an bhearna acmhainneachta i soláthar seirbhísí slána rialtais a dhúnadh, rinneadh na roghanna beartais seo a leanas a mheas d’fhonn na cuspóirí a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla:

Faoin ‘Cás bunlíne’, ní dhéanfadh an tAontas aon ghníomhaíocht thar a bhfuil á chur chun feidhme faoi láthair trí GOVSATCOM AE. Glactar leis go gciallaíonn an bhunlíne go leanfar le Céim 1 de GOVSATCOM AE, i.e. go bhfuil sé teoranta do chomhthiomsú agus comhroinnt reatha chórais cumarsáide satailíte na mBallstát agus córas príobháideach cumarsáide satailíte. Sa chás sin, féadfaidh na Ballstáit aonair, nó cuideachtaí de chuid an Aontais a chinneadh seirbhísí nua cumarsáide satailíte a fhorbairt, ar féidir a n-acmhainneacht pháirteach a dhíol le comhthiomsú GOVSATCOM AE. Dá ndéanfaí aistriú chuig céim 2 de GOVSATCOM AE sa tréimhse ama a bhí beartaithe ar dtús, bheadh gá le gníomh reachtach, buiséad breise agus na comhduithe minicíochta atá le fáil.

---

[13] DEFIS/OP/2020/008

[14] Tionscadal taighde a mhaoinítear faoin gClár Taighde agus Nuálaíochta de an Aontais Eorpaigh Fís 2020 is ea an ‘an Treochlár Eorpach um Líonrú le haghaidh Teileachumarsáid satailíte le haghaidh na n-úsáideoirí rialtais óna dteastaíonn seirbhísí slána, idir-inoibritheacha, nuálaíocha agus caighdeánaithe’ ENTRUSTED.

Mar chuid den mheasúnú, measadh freisin an bhféadfadh an tAontas na seirbhísí creidiúnaithe slána ó réitigh bhunaithe a cheannach ón earnáil phoiblí nó ón earnáil phríobháideach, ar seirbhísí iad atá teoranta faoi láthair do sholáthraithe margaidh eachtraigh (Rogha 3 – buíon neamh-AE). Cé go bhfuil an margadh cumarsáide satailíte an Aontais forbartha go maith cheana féin, níl aon soláthraí AE ann faoi láthair atá in ann freastal ar na riachtanais rialtais atá ag dul i méid agus ag athrú. Mar sin féin, ní hé ceannach na seirbhísí ó fhoinsí príobháideacha neamh-AE an rogha thosaíochta ó thaobh na slándála agus an neamhspleáchais straitéisigh de, ós rud é go n-éilíonn na Ballstáit agus institiúidí an Aontais, ar mhaithe le riachtanais rialtais, rochtain ráthaithe ar bhealach neamhshrianta ar sheirbhísí nascachta sláine gan toiliú tríú páirtí a iarraidh. Dá bhrí sin, ní chomhlíonfaí na cuspóirí sonracha le rogha 3.

Dá bhrí sin, ní mór don Aontas gníomhú chun soláthar na seirbhísí sin a áirithiú trí lánmhaoiniú a thabhairt dá chóras féin (Rogha 1 – poiblí go hiomlán) nó trí acmhainní príobháideacha a chur ar fáil (Rogha 2 – i bhfoirm conradh lamhháltais in éineacht le cearta úsáide tráchtála). Le Rogha 1 agus Rogha 2 bhainfí na cuspóirí sonracha amach a oiread céanna le chéile, ach bheadh rogha 2 níos fearr ó thaobh na sochar eacnamaíoch a d'fhéadfaí a ghiniúint léi.

Baineann sochair eacnamaíocha choiteanna Rogha 1 agus Rogha 2 le bonneagar nua a imscaradh lena gcuirfí oll-bhreisluach (OBL) EUR 17-24 bhilliún agus poist bhreise ar fáil i dtionscal spáis an Aontais. Meastar go nginfidh infheistíochtaí i mbonneagar réamhtheachtach an Spáis tionchar atá sé oiread níos mó in earnálacha iartheachtacha[15]. Leis na hearnálacha iartheachtacha a úsáideann na seirbhísí, na teicneolaíochtaí agus na sonraí arna soláthar ag earnáil an spáis chun a ngnó a fheabhsú, cruthaítear éifeachtaí iarmhartacha. Meastar go bhfuil OBL EUR 10-19 mbilliún ag baint leo sin.

Leis an bhféidearthacht bhreise a chuirtear ar fáil i Rogha 2 don earnáil phríobháideach tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun seirbhísí tráchtála a fhorbairt, ba cheart go gcruthófaí sochair eacnamaíocha breise don earnáil iartheachtach, ós rud é gur féidir aghaidh a thabhairt ar dheiseanna suntasacha sa mhargadh tráchtála léi. Dá roghnódh na comhpháirtithe príobháideacha bonneagar breise a fhorbairt le haghaidh seirbhísí tráchtála, d'fhéadfadh sé sin OBL breise agus méadú breise ar phoist i dtionscal spáis an AONTAIS a chruthú d'earnálacha réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon.

Maidir leis an tionchar sóisialta, cuireann cumarsáid satailíte rialtais le hathléimneacht bhonneagar agus sheirbhísí poiblí an Aontais Eorpaigh, agus dá bhrí sin baineann lorg sóisialta lena bhfeidhmíocht oibríochtúil. Tá an breisluach a bhaineann le bheith in ann cumarsáid a dhéanamh i gcás éigeandálaí agus tubaistí thar a bheith ard do shaoránaigh agus do dhaoine atá freagrach as láithreáin bonneagair chriticiúil. Sa chás sin freisin, leis an infheistíocht bhreise i mbonneagar tráchtála chuirfí níos mó leis an tionchar sóisialta.

Maidir le tionchar an Chláir ar an gcomhshaol, bheadh tionchar ag Rogha 2, a mbeadh forbairt bonneagair bhreise i gceist léi, ar an gcomhshaol de bharr mhonarú agus sheoladh an chórais. Mar sin féin, i gcomparáid le tionscail eile, ní scaoileann monarú spásárthaí gáis cheaptha teasa shuntasacha. Ina theannta sin, chomhlíonfadh an fhorbairt na caighdeáin idirnáisiúnta maidir leis an timpeallachta spáis a chosaint (e.g. Treoirlínte Choiste na Náisiún Aontaithe um Úsáidí Síochánta an Chianspáis (COPUOS) agus an Choiste Comhordúcháin Idirghníomhaireachta um Smionagar Spáis (IADC) maidir le Smionagar Spáis a Mhaolú[16])

15 Comhairle an Aontais Eorpaigh: An tAontas sa Spás.
16 IADC

mar aon leis an reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana[17]. Ina theannta sin, táthar ag súil go rachaidh an Clár chun tairbhe don chomhshaol, faoi mar a dhéanann Galileo agus Copernicus, ina bhfuil measúnú déanta go bhfuil na tairbhí comhshaoil a eascraíonn as úsáid na gcomhpháirteanna thart ar dhá oiread níos airde ná an lorg comhshaoil a ghintear. Áirítear ar na tairbhí comhshaoil, mar shampla, seirbhísí cumarsáide satailíte le haghaidh faireachas muirí lena gcuirtear tacaíocht ar fáil chun truailliú a bhrath agus freagairt a thabhairt air, agus an cumas acmhainneacht cumarsáide gan uaim a sholáthar aon uair a chuirtear isteach ar bhonneagar, go háirithe mar gheall ar thuilte, spéirlingí nó feiniméin adhaimsire eile a eascraíonn as an athrú aeráide.

Ar deireadh, baineann buntáistí breise le Rogha 2 sa mhéid go ndéantar an méid seo a leanas léi:

- Feabhsaítear soláthar seirbhísí rialtais (aga folaigh íseal, athléimneacht, slándáil, rochtain ráthaithe, úsáid uathrialach)
- Ceadaítear soláthar seirbhísí tráchtála breise (fás eacnamaíoch, sochair shóisialta)
- Déantar na costais a thabhaítear i mbuiséad an Aontais a bharrfheabhsú maidir leis na nithe seo a leanas:
  - forbairt agus imscaradh de réir barainneachtaí scála
  - oibríochtaí a bhfuil frithpháirtiú acmhainneachta acu
- Spreagtar imscaradh teicneolaíochtaí nuálacha, go háirithe leis an rannpháirtíocht sa Spás Nua (an riosca teicneolaíochta a roinnt idir an pobal agus an earnáil phríobháideach).

Maidir leis na costais, is é thart ar EUR 6 bhilliún an costas measta a bhaineann leis an gcumas cumarsáide satailíte a ceapadh chun freastal ar éileamh rialtais, ar costas é a bhaineann leis an mbonneagar is gá a imscaradh chun na seirbhísí rialtais a sholáthar. Faoi Rogha 2, tá na costais roinnte idir an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais, ranníocaíochtaí ó na Ballstáit agus ranníocaíochtaí ón earnáil phríobháideach.

Cuireadh an dréachtmheasúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála (RSB) an 11 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis don Bhord tuairim dhiúltach a fháil maidir leis an gcéad dréacht-tuarascáil ar an measúnú tionchair, cuireadh dréacht-mheasúnú tionchair athbhreithnithe faoi bhráid an Bhoird chun dara tuairim a fháil ina leith an 21 Nollaig 2021. Cé gur thug an Bord na feabhsuithe dá chéad bharúlacha dá aire, choinnigh sé a thuairim neamhfhabhrach an 12 Eanáir 2022, toisc go raibh easnaimh shuntasacha fós sa mheasúnú tionchair maidir leis na nithe seo a leanas: (1) an comhleanúnachas anailíseach idir sainiú na faidhbe, cuspóirí, roghanna, critéir chun comparáid a dhéanamh idir roghanna agus sainiú táscairí faireacháin sa todhchaí; (2) an easpa mínithe ar na roghanna beartais éagsúla maidir le réitigh theicniúla; (3) easpa amscála agus easpa foinsí maoiniúcháin arna sainaithint; (4) soiléireacht maidir le toimhdí modheolaíochta agus bailíocht na sonraí tánaisteacha a luaitear; agus (5) an easpa mínithe ar chomhoiriúnacht an Chláir le cuspóirí an Dlí Aeráide.

Dá bhrí sin, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na barúlacha ón dara tuairim neamhfhabhrach de chuid an Bhoird, tá iarscríbhinn ag gabháil leis an measúnú tionchair ina dtugtar soiléirithe breise agus roinnt fianaise ar na réimsí inar thug an Bord moltaí sonracha maidir le feabhsuithe ina thuairim.

[17] Space debris mitigation standards adopted by States and international organizations

De bhíthin modhanna oibre an Choimisiúin Eorpaigh, tugtar de chumhacht don Leas-Uachtarán um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus um Fhadbhreathnaitheacht a fhormheas go leanfar de thionscnamh a bhí faoi réir an dara tuairim dhiúltach ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála. Is tábhachtach a aibhsiú freisin gurb é atá i dtuairimí an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála measúnú ar cháilíocht an mheasúnaithe tionchair seachas measúnú ar na tograí reachtacha gaolmhara.

Mar gheall ar thábhacht pholaitiúil an Chláir seo, ar phráinn na gníomhaíochta agus i bhfianaise soiléirithe breise agus fianaise a bheith soiléirithe agus fianaise a bheith ag dul i ngleic go sásúil le heasnaimh shainaitheanta agus sonraíochtaí molta an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála, mheas an Coimisiún – freisin i bhfianaise an chomhaontaithe a rinne an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus um Fhadbhreathnaitheacht – go bhfuil sé tráthúil leanúint ar aghaidh leis an gClár.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

N/B

- **Cearta bunúsacha**

Tá an Clár comhsheasmhach leis an gCairt um Chearta Bunúsacha (an 'Chairt'). Cuireann sé uirlis choiteann ar fáil do rialtais na mBallstát agus do ghníomhaithe an Aontais, is í sin an chumarsáid satailíte shlán. Agus éifeachtacht oibríochtúil na ngníomhaithe slándála á feabhsú, féadfaidh an Clár rannchuidiú le cosaint agus neartú cheart na saoránach chun slándála (Airteagal 6 den Chairt) agus le cosaint taidhleoireachta nó chonsalach nuair atá cónaí orthu i dtríú stát (Airteagal 46 den Chairt). D'fhéadfadh cosaint níos fearr ar shonraí pearsanta a bheith mar thoradh ar an gClár freisin (Airteagal 8 den Chairt), toisc go bhfeabhsóidh slándáil fheabhsaithe na cumarsáide satailíte leibhéal an dearbhaithe faisnéise, go háirithe in aghaidh cúléisteachta agus cumarsáid faoi bhréagraíocht, a dhéanfaidh tríú páirtithe

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é atá i ranníocaíocht an Aontais ó 2021 go dtí 2027 EUR 2400 milliún i bpraghsanna reatha, as a gcuirfear EUR 1600 milliún chun feidhme faoi chlár nua an Aontais um Nascacht Shlán ó 2023 go 2027, agus EUR 800 milliún faoi thrí Chlár eile: EUR 430 milliún faoin bhFís Eorpach, EUR 220 milliún faoi Chlár Spáis an Aontais agus EUR 150 milliún faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI).

Cuirtear struchtúr mionsonraithe buiséadach agus airgeadais an togra maidir le buiséad an Aontais i láthair sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis an togra agus comhlíonfar é ó na hacmhainní atá ar fáil i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.

Leithdháiltear EUR 1600 milliún ar Chlár an Aontais um Nascacht Shlán trí laghduithe EUR 260 milliún ar Chlár Spáis an Aontais, EUR 150 milliún ar an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) 'cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn', EUR 400 milliún ar an gCiste Eorpach Cosanta (EDF), EUR 440 milliún faoin gClár don Eoraip Dhigiteach (CED) agus EUR 200 milliún faoin tsraith dhigiteach den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), laghdú EUR 50 milliún ar chorrlach neamh-leithdháilte cheannteideal 1 agus EUR 100 milliún ar chorrlach neamh-leithdháilte cheannteideal 5 de CAI.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na laghduithe ar imchlúdaigh airgeadais an Chlár Spáis an Aontais, SCE, EDF, CED agus NDICI a láimhseáil laistigh den athrú 15 % mar a leagtar síos

i bpointe 18 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta an airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach.

Foráiltear le hAirteagal 14 den togra go gcuirfear an Clár chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais nó faoi bhainistíocht indíreach leis na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais.

Is toradh ar anailísí forleathana iad costais mheasta an Chláir ar anailísí, mar thaca leis an taithí a fuair an Coimisiún ar Chlár Spáis an Aontais a bhainistiú agus trí staidéir ullmhúcháin agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Léiríonn na riachtanais mheasta in Acmhainní Daonna mar a léirítear sa Ráiteas Airgeadais a ghabhann leis an Rialachán seo an gá bunriachtanach le leanúnachas sa saineolas.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Sonraítear in Airteagal 6(1) den togra go gcuirfear an Clár chun feidhme trí bhíthin conarthaí, lena n-áirítear conarthaí lamháltais mar a shainmhínítear faoi Airteagal 2(14) den Rialachán Airgeadais nó trí chonarthaí measctha, ach gan a bheith teoranta dóibh.

Déanfar meastóireacht ar an gClár trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin. Sa mheastóireacht ar an gClár, déanfar measúnú, i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr, ar éifeachtacht, ar éifeachtúlacht, ar chomhleanúnachas agus ar bhreisluach AE an Chláir. I gcomhréir le hAirteagal 37 den togra, díreofar go háirithe ar fheidhmíocht na seirbhísí arna soláthar ag an gClár agus ar éabhlóid riachtanais na n-úsáideoirí. Ina theannta sin, déanfar measúnú ar chomhpháirteanna criticiúla agus ar aibíocht shlabhra soláthair an Aontais, chun a áirithiú nach mbeidh riachtanais chumarsáide rialtais ag brath go criticiúil ar bhonneagar neamh-AE. Is iad Institiúidí agus Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, an lamháltóir agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh don Chlár Spáis (EUSPA) in éineacht leis an gCoimisiún a dhéanfaidh an mheastóireacht.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

N/B

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá 11 Chaibidil sa togra. Tá sé struchtúrtha mar a leanas:

I gCaibidil I tá na forálacha ginearálta lena leagtar amach ábhar an togra, arb é atá ann córas cumarsáide an Aontais um nascacht shlán a bhunú i gcomhair chreat airgeadais ilbhliantúil an Aontais le haghaidh na tréimhse 2021-2027. Leagtar amach sa Chaibidil freisin cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir, mar aon lena raon feidhme. Ina theannta sin, sainítear sa Chaibidil bonneagar an Chláir. Ar deireadh, tá foráil sa Chaibidil ina sonraítear go dtacóidh an Clár le hearnáil spáis nuálach agus iomaíoch san Aontas agus go spreagfaidh sé éiceachóras an Spáis Nua san Aontas, lena n-áirítear rannpháirtíocht FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe ó ar fud Bhallstáit an Aontais.

Leagtar síos agus sainítear i gCaibidil II na seirbhísí atá le soláthar leis an gClár. Ina theannta sin, leagtar amach sa Chaibidil na rialacha maidir le soláthar na seirbhísí rialtais agus sainítear inti na rannpháirtithe agus úsáideoirí na seirbhísí rialtais.

I gCaibidil III leagtar amach sásra cistiúcháin an Chláir. Sainítear inti na sruthanna cistiúcháin agus leagtar amach an t-imchlúdach airgeadais don ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais.

I gCaibidil IV leagtar amach na rialacha maidir le cur chun feidhme an Chláir, a dhéanfar trí bhíthin conarthaí arna dtabhairt i gcrích ag an gCoimisiún le conraitheoir. Dámhfar conradh den sórt sin i gcomhréir leis na prionsabail soláthair a leagtar síos in Airteagal 17, chomh maith le forálacha ábhartha an Rialacháin Airgeadais, agus féadfaidh sé a bheith i bhfoirm conartha lamháltais nó conartha mheasctha. I gcás ina mbeidh tabhairt i gcrích an chonartha lamháltais nó an chonartha mheasctha neamh-inmharthana, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún, i gcomhréir le mír 3, an Clár a chur chun feidhme trí bhíthin conradh soláthair/seirbhísí nó oibreacha. Leagtar amach sa Chaibidil freisin na rialacha lena rialaítear úinéireacht agus úsáid na sócmhainní ar cuid den bhonneagar sin iad.

Baineann Caibidil V le rialachas an Chláir. Tugann sé sonraí faoin ról a bhíonn ag ceithre phríomhghníomhaí an Chláir seo, eadhon an Coimisiún, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, na Ballstáit, agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis, agus an caidreamh idir na gníomhaithe éagsúla sin.

I gCaibidil VI, pléitear slándáil, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint léi i bhfianaise chineál straitéiseach an Chláir agus i bhfianaise na nasc idir an spás agus an tslándáil. Caithfear leibhéal ard slándála a bhaint amach agus a chothabháil, trí shocruithe éifeachtacha rialachais a fhorchur, ar socruithe iad atá bunaithe den chuid is mó ar thaithí na mBallstát agus ar an taithí atá faighte ag an gCoimisiún le blianta beaga anuas. Chomh maith leis sin, ar nós aon chláir a bhfuil gné straitéiseach ag baint leis, ní mór don Chlár creidiúnú slándála neamhspleách a dhéanamh de réir na gcaighdeán iomchuí ina leith sin.

Leagtar amach i gCaibidil VII na critéir maidir le rannpháirtíocht tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Chlár agus maidir le rochtain tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ar sheirbhísí rialtais an Chláir.

I gCaibidil VIII agus i gCaibidil IX, leagtar amach forálacha maidir le clársceidealú agus meastóireacht an Chláir agus maidir le tarmligean agus bearta cur chun feidhme.

2022/0039 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá méadú ag teacht ar éileamh na ngníomhaithe rialtais de chuid an Aontais ar sheirbhísí cumarsáide satailíte atá slán agus iontaofa, go háirithe toisc gurb iad sin an t-aon rogha inmharthana amháin i gcásanna nach ann do chórais chumarsáide talamhbhunaithe, i gcásanna ina gcuirtear isteach orthu nó nach bhfuil siad iontaofa. Tá sé fíor-riachtanach freisin go mbeadh rochtain inacmhainne chostéifeachtach ar chumarsáid satailítbhunaithe i réigiúin iargúlta, ar an mórmhuir agus san aerspás. Mar shampla, i gcás ina gcuireann easpa cumarsáide ard-bhandaleithid teorainn faoi láthair ar an gcumas leas iomlán a bhaint as braiteoirí agus as ardáin nua lena mbreathnaítear ar 71 % den chuid sin dár bpláinéad ar aigéan í, cinntíonn cumarsáid satailíte go mbeidh rochtain fhadtéarmach gan bhriseadh ar fáil ar fud an domhain.

(2) I gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 19-20 Nollaig 2013, léiríodh gur díol mór sásaimh di na hullmhúcháin le haghaidh na chéad ghlúine eile den Chumarsáid Satailíte Rialtais trí dhlúthchomhar idir na Ballstáit, an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (GES). Lena chois sin, sainíodh cumarsáid satailíte rialtais mar cheann d’eilimintí na Straitéise Domhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh ó mhí an Mheithimh 2016. Beartaítear le cumarsáid satailíte rialtais rannchuidiú le freagairt an Aontais ar Bhagairtí Hibrideacha agus tacaíocht a thabhairt do Straitéis Slándála Muirí AE agus do bheartas AE maidir leis an Artach.

(3) An 22 Márta 2017 d’fhormhuinigh Coiste Polaitiúil agus Slándála na Comhairle High Level Civil Military User Needs for Governmental Satellite Communications [Riachtanais Ardleibhéil Úsáideoirí Seirbhísí Sibhialta Míleata maidir le Cumarsáid Satailíte Rialtais] [18] a d’ullmhaigh SEGS maidir le riachtanais na n-úsáideoirí míleata arna sainaithint ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint ina Comhsprioc maidir le Líon Ball Foirne a glacadh in 2014 agus rinneadh riachtanais na n-úsáideoirí sibhialta arna mbailiú ag an gCoimisiún a chumasc chun Riachtanais Ardleibhéil Úsáideoirí Seirbhísí Sibhialta Míleata maidir le Cumarsáid Satailíte Rialtais a sholáthar.

(4) Ghlac an tAontas comhpháirt GOVSATCOM de Rialachán (AE) 2021/696 an 28 Aibreán 2021, chun infhaighteacht fhadtéarmach seirbhísí cumarsáide satailíte atá iontaofa, slán agus cost-éifeachtach a áirithiú d’úsáideoirí GOVSATCOM. Beartaítear le Rialachán (AE) 2021/696 go n-úsáidfí an acmhainneacht atá ann cheana le linn na chéad chéime de chomhpháirt GOVSATCOM go dtí thart ar 2025. Sa chomhthéacs sin, tá an Coimisiún le hacmhainneachtaí GOVSATCOM a fháil ó Bhallstáit a bhfuil córais agus acmhainneachtaí spáis náisiúnta acu agus ó sholáthraithe cumarsáide nó seirbhísí satailíte tráchtála, agus leasanna slándála bunriachtanacha an Aontais á gcur san áireamh. Le linn na chéad chéime sin, tá seirbhísí GOVSATCOM le tabhairt isteach trí chur chuige céim ar chéim. Tá sé bunaithe ar an tuiscint freisin, má léirítear i gcaitheamh na chéad chéime, in anailís mhionsonraithe ar an soláthar agus ar an éileamh a bheidh ann, nár leor an cur chuige sin chun an t-éileamh athraitheach a chumhdach, go mbeidh sé riachtanach aistriú chuig an dara céim agus bonneagar nó cumais spáis shaincheaptha a fhorbairt trí chomhar leis an earnáil phríobháideach, e.g. le hoibreoirí satailíte de chuid an Aontais.

(5) Is léir anois nach féidir leis na sócmhainní cumarsáide satailíte atá ag an Aontas faoi láthair freastal ar riachtanais nua na n-úsáideoirí rialtais atá ag dul i dtreo réitigh

[18] CSDP/PSDC 152, CFSP/PESC 274, COPS 103.

shlándála níos airde, aga folaigh íseal agus cumhdach domhanda. D'fhág an dul chun cinn teicniúil a rinneadh le déanaí go raibh buíonta cumarsáide fithise neamh-gheochobhsaí (NGSO) in ann teacht chun cinn agus seirbhísí nascachta ardluais agus aga folaigh a chur ar fáil de réir a chéile. Tá deis ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais athraitheacha na n-úsáideoirí rialtais trí bhonneagar breise a fhorbairt agus a imscaradh mar chomhduithe le haghaidh na minicíochtaí is gá chun na seirbhísí riachtanacha atá ar fáil laistigh den Aontas Eorpach faoi láthair a sholáthar. Mura n-úsáidtear iad, beidh na comhduithe sin as feidhm agus tabharfar iad do ghníomhaithe eile. Ós rud é gur acmhainn atá ag éirí níos teirce iad na minicíochtaí, b'fhéidir nach bhfaighidh an tAontas an deis seo arís.

(6) Cuireadh i dtábhacht sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21-22 Márta 2019 gur gá don Aontas tuilleadh a dhéanamh chun geilleagar digiteach iomaíoch, slán, cuimsitheach agus eiticiúil a fhorbairt ag a mbeadh nascacht den chéad scoth.

(7) Sa 'Phlean Gníomhaíochta maidir le sineirgí idir tionscail shibhialta, chosanta agus spáis' ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2021, luaitear go bhfuil sé mar aidhm aige 'rochtain ar nascacht ardluais a chur ar fáil do gach duine san Eoraip, agus córas nascachta athléimneach a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas na hEorpa fanacht nasctha cibé rud a tharlaíonn'[19].

(8) Ba cheart don Aontas a áirithiú go gcuirfear réitigh cumarsáide satailíte atá athléimneach, domhanda, ráthaithe agus solúbtha ar fáil do riachtanais rialtais atá ag athrú, ar réitigh iad atá bunaithe ar bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch de chuid an Aontais, chun athléimneacht oibríochtaí na mBallstát agus institiúidí an Aontais a mhéadú trí bhíthin rochtain ráthaithe gan bhriseadh ar chumarsáid satailíte.

(9) Is féidir leis an gcumarsáid satailíte cur le hathléimneacht fhoriomlán na líonraí cumarsáide. An t-aon rogha inmharthana i gcásanna nach ann do chórais talamhbhunaithe, ina gcuirtear isteach orthu nó nach bhfuil siad iontaofa is ea córas cumarsáide spásbhunaithe. Mar shampla, is féidir modhanna don chumarsáid dhigiteach a chur ar fáil leis i limistéir nach ann do líonraí talún, lena n-áirítear thar aigéin agus le linn eitiltí, agus thar limistéir iargúlta, nó in áiteanna inar scriosadh líonraí áitiúla mar gheall ar thubaistí nádúrtha, nó nach féidir brath ar na líonraí le linn géarchéimeanna.

(10) Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach Clár nua AE um Nascacht Shlán ('an Clár') a bhunú chun foráil a dhéanamh maidir le bonneagar cumarsáide satailítbhunaithe an Aontais, ar bonneagar é ba cheart a thógáil ar chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus ar cheart dó leas a bhaint freisin as acmhainneachtaí breise náisiúnta agus Eorpacha, arb ann dóibh tráth a mbeidh an ghníomhaíocht á déanamh agus chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an tionscnamh maidir le bonneagar cumarsáide candamaí na hEorpa (EuroQCI).

(11) Ba cheart don Chlár soláthar na seirbhísí rialtais a áirithiú agus a fhágáil gur féidir na seirbhísí tráchtála a sholáthar trí bhonneagar tiomnaithe rialtais agus tráchtála. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é atá sa Chlár gníomhaíochtaí forbartha agus bailíochtaithe chun an bonneagar tosaigh spáis agus an bonneagar tosaigh ar talamh a thógáil agus chun an bonneagair spáis tosaigh a lainseáil. Ba cheart gníomhaíochtaí imscartha a bheith i gceist leis an gClár a bheidh dírithe ar an mbonneagar spáis agus ar an mbonneagar ar talamh is gá a chur i gcrích chun seirbhísí rialtais a sholáthar. Ba cheart soláthar

19 COM(2021) 70 final.

seirbhísí rialtais, oibriú, coinneáil ar bun agus feabhsú leanúnach an bhonneagair, a luaithe a imscarfar é, mar aon le forbairt na nglúnta de sheirbhísí rialtais atá le teacht, a bheith mar chuid de na gníomhaíochtaí saothraithe. Ba cheart tús a chur leis na gníomhaíochtaí saothraithe a luaithe is féidir nuair a sholáthrófar an tsraith tosaigh seirbhísí arb é is aidhm dóibh freastal, a luaithe is féidir faoi 2024, ar riachtanais athraitheacha na n-úsáideoirí rialtais.

(12) Ó bhí mí an Mheithimh 2019 ann, shínigh na Ballstáit an Dearbhú maidir le bonneagar cumarsáide candamaí na hEorpa (EuroQCI), inar chomhaontaigh siad go n-oibreodh siad i gcomhar leis an gCoimisiún agus le tacaíocht ó GES, chun bonneagar cumarsáide candamaí a fhorbairt lena gcumhdófaí an tAontas ar fad. De réir an Dearbhaithe sin, tá sé d’aidhm ag EuroQCI bonneagar cumarsáide candamaí, a dheimhnítear a bheith slán ó cheann go ceann a imscaradh, lena bhféadfar faisnéis agus sonraí a tharchur agus a stóráil go slán lánsábháilte agus lena bhféadfar sócmhainní criticiúla cumarsáide poiblí a nascadh ar fud an Aontais. Chun na críche sin, ba cheart bonneagar spáis idirnasctha agus bonneagar talún a thógáil chun go mbeifear in ann eochracha cripteagrafacha a ghiniúint agus a dháileadh bunaithe ar theoiric na faisnéise candamaí. Rannchuideoidh an Clár le cuspóirí Dhearbhú EuroQCI a bhaint amach trí bhonneagar spáis EuroQCI a fhorbairt a bheidh comhtháite i mbonneagar spáis an Chláir agus bonneagar an Chláir ar talamh. Ba cheart bonneagar spáis EuroQCI a fhorbairt in dhá phríomhchéim sa Chlár, is iad sin réamhchéim bhailíochtaithe agus céim imscartha iomláin, ina gcomhtháthófar é go hiomlán leis an gClár, lena n-áirítear réitigh iomchuí maidir le nascacht idirshatailíte agus athsheachadadh sonraí idir satailítí agus an talamh. Ba cheart don Chlár EuroQCI a chomhtháthú ina bhonneagar rialtais, ós rud é go soláthróidh sé córais chripteagrafacha a bheidh slán i bhfad na haimsire agus lena dtairgtear leibhéil nach bhfacthas riamh cheana de chumarsáid shlán trí chomhrac a dhéanamh in aghaidh ionsaithe ríomhaireachta candamaí sa todhchaí.

(13) Chun na hacmhainní cumarsáide satailíte uile atá ar fáil a bharrfheabhsú, chun rochtain a ráthú i gcásanna dothuartha, amhail tubaistí nádúrtha, agus chun éifeachtúlacht oibríochtúil a áirithiú agus chun a áirithiú go mbeidh na hagaí seala fuirigh gairid, tá gá le cuid ar talamh. Ba cheart an chuid ar talamh sin a dhearadh ar bhonn ceanglais oibríochtúla agus slándála.

(14) Chun acmhainneachtaí cumarsáide satailíte an Aontais a mhéadú, ba cheart do bhonneagar an Chláir an bonneagar arna fhorbairt chun críocha chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais a chomhtháthú. Go háirithe, ba cheart Moil GOVSATCOM agus sócmhainní eile den chuid ar talamh a chuimsiú i mbonneagar an Chláir ar talamh.

(15) Ba cheart do na seirbhísí arna gcumasú leis an gClár limistéir straitéiseacha amhail an tArtach agus an Afraic a nascadh, agus rannchuidiú le hathléimneacht gheopholaitiúil trí nascacht bhreise a thairiscint i gcomhréir le spriocanna beartais sna réigiúin sin agus le straitéis na Tairsí Domhanda[20].

(16) Is iomchuí go ndéanfaí na satailítí a tógadh chun críocha an Chláir a fheistiú le pálastaí lenar féidir acmhainneacht agus seirbhísí chomhpháirteanna Chlár Spáis an Aontais a mhéadú, lena gcumasaítear, ar an gcaoi sin, misin bhreise a fhorbairt faoi na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/696. D’fhéadfaí seirbhísí eile suite, loingseoireachta agus uainiúcháin a chur ar fáil leis lena gcomhlánófaí Galileo,

[20] JOIN(2021) 30 final.

d'fhéadfaí craoladh teachtaireachtaí EGNOS/SBAS le haga folaigh níos ísle a áirithiú, braiteoirí spásbhunaithe a sholáthar le haghaidh faireachas spáis agus tacú le feabhas a chur ar chumais reatha Copernicus, go háirithe i gcás seirbhísí éigeandála agus slándála sibhialta.

(17) Tá sé ríthábhachtach le haghaidh shlándáil an Aontais agus a Bhallstát agus chun slándáil agus sláine na seirbhísí rialtais a áirithiú, go ndéanfaí sócmhainní spáis an Chláir a lainseáil, i gcás inar féidir, ó chríoch na mBallstát. Ina theannta sin, tá micrealainseálaithe in ann solúbthacht bhreise a chur ar fáil chun go bhféadfar na sócmhainní spáis a imscaradh go tapa.

(18) Tá sé tábhachtach gur leis an Aontas na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe uile a bhaineann le bonneagar rialtais agus urraim do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, á háirithiú aige, lena n-áirítear Airteagal 17 de. D'ainneoin úinéireacht an Aontais ar na sócmhainní sin, ba cheart é a bheith indéanta don Aontas, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus i gcás ina measfar gurb iomchuí sin ar bhonn measúnú cás ar chás, na sócmhainní sin a chur ar fáil do thríú páirtithe nó iad a dhiúscairt.

(19) Ba cheart don Chlár seirbhísí a sholáthar arb é is aidhm dóibh freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí rialtais. In High Level Civil Military User Needs for Governmental Satellite Communications [Riachtanais Ardleibhéil Úsáideoirí Seirbhísí Sibhialta Míleata maidir le Cumarsáid Satailíte Rialtais][21], a d'fhormhuinigh Coiste Slándála na Comhairle i mí an Mhárta 2017, sainaithníodh trí cholún de chásanna úsáide seirbhísí rialtais: faireachas, bainistiú géarchéime agus nascadh agus cosaint príomhbhonneagar.

(20) Ba cheart na ceanglais oibríochtúla le haghaidh seirbhísí rialtais a bheith bunaithe ar anailís ar chásanna úsáide. As na ceanglais oibríochtúla sin, in éineacht le riachtanais slándála agus éileamh seirbhísí rialtais atá ag athrú, ba cheart punann na seirbhísí rialtais a fhorbairt. Sa phunann seirbhísí, ba cheart an bhonnlíne a leagan síos is infheidhme maidir le seirbhísí rialtais. Ba cheart don phunann seirbhísí le haghaidh na seirbhísí rialtais an phunann seirbhísí le haghaidh sheirbhísí GOVSATCOM arna bunú faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2021/696 a chur san áireamh. Chun an coibhneas is fearr is féidir a choinneáil idir an t-éileamh agus na seirbhísí a sholáthraítear, ba cheart an phunann seirbhísí le haghaidh seirbhísí rialtais a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

(21) Is acmhainn fhinideach í an chumarsáid satailíte atá teoranta de réir acmhainneacht na satailíte, na minicíochta agus an chumhdaigh gheografaigh. Chun bheith cost-éifeachtach agus chun tairbhe a bhaint as barainneacht scála, ba cheart don Chlár barrfheabhas a chur ar an gcomhoiriúnú idir soláthar agus éileamh na seirbhísí rialtais. Ós rud é go n-athraíonn an t-éileamh agus an soláthar is féidir a bheidh ann le himeacht ama, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar na riachtanais chun an phunann a choigeartú le haghaidh na seirbhísí rialtais aon uair a dhealraíonn sé sin a bheith riachtanach.

(22) Ba cheart go bhfágfadh an Clár freisin go soláthródh an earnáil phríobháideach seirbhísí tráchtála. D'fhéadfadh seirbhísí tráchtála den sórt sin cur go háirithe le hinfhaighteacht leathanbhanda ardluais agus nascacht gan uaim ar fud na hEorpa, deireadh a chur le limistéir chumarsáide mharbha agus comhtháthú a mhéadú ar fud

[21] EEAS(2017) 359.

chríocha na mBallstát, lena n-áirítear i limistéir tuaithe, leithlisithe, iargúlta agus fhorimeallacha agus ar oileáin, agus nascacht a sholáthar thar limistéir gheografacha a bhfuil leas straitéiseach ag baint leo.

(23) Ba cheart do na Ballstáit, an Chomhairle, an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ('SEGS'), chomh maith le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais a bheith in ann a bheith ina rannpháirtithe sa Chlár, sa mhéid go roghnóidh siad úsáideoirí seirbhísí rialtais a údarú nó acmhainneachtaí, suíomhanna nó saoráidí a sholáthar. Ag cur san áireamh gur faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh an údaróidh siad úsáideoirí náisiúnta seirbhísí rialtais, níor cheart é a chur d'oibleagáid ar na Ballstáit a bheith ina rannpháirtithe sa Chlár nó bonneagar Cláir a óstáil.

(24) Ba cheart do gach rannpháirtí sa Chlár Údarás Inniúil um Nascacht Shlán a ainmniú chun faireachán a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann úsáideoirí agus eintitis náisiúnta eile a bhfuil ról acu sa Chlár na rialacha is infheidhme agus na nósanna imeachta slándála mar a leagtar síos sna ceanglais slándála iad nó nach gcomhlíonann.

(25) Leagtar síos sa Rialachán seo imchlúdach airgeadais, arb é a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí phointe 18 den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 16 Nollaig 2020 maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[22], do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

(26) Tá cuspóirí an Chláir comhleanúnach agus comhlántach le cuspóirí chláir eile de chuid an Aontais, go háirithe Fís Eorpach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23], an clár don Eoraip Dhigiteach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24], an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25], an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] agus, go háirithe, Clár Spáis

---

22 IO L 433, 22.12.2020, lch. 28.

23 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

24 Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

25 Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

26 Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2013, lch. 38).

an Aontais a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27].

(27) Leis an gClár Fís Eorpach leithdháilfear sciar tiomnaithe dá chomhpháirteanna Bhraisle 4 ar ghníomhaíochtaí T&N a bhaineann le forbairt agus bailíochtú an chórais um nascacht shlán, lena n-áirítear le haghaidh na dteicneolaíochtaí a d'fhéadfaí a fhorbairt faoin Spás Nua. Leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI), leithdháilfear sciar tiomnaithe dá cistí a bhaineann leis An Eoraip Dhomhanda le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le hoibriú an chórais agus le soláthar seirbhísí ar fud an domhain lenar bhféadfar réimse seirbhísí a thairiscint do chomhpháirtithe idirnáisiúnta. Le Clár Spáis an Aontais, leithdháilfear sciar tiomnaithe dá chomhpháirt GOVSATCOM le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt Mhol GOVSATCOM a bheidh mar chuid de bhonneagar an chórais Nascachta Slán ar talamh. Ba cheart an cistiú a thagann as na cláir sin a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha na gclár sin. Ós rud é go bhféadfadh difríocht shuntasach a bheith idir na rialacha sin agus na rialacha faoin Rialachán seo, ba cheart an gá atá leis na cuspóirí beartais atá beartaithe a bhaint amach go héifeachtach a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí a mhaoiniú ó na cistí a leithdháiltear ón bhFís Eorpach agus ó NDICI araon agus ó Chlár an Aontais um Nascacht Shlán.

(28) I ngeall ar na himpleachtaí bunúsacha atá aige ar shlándáil an Aontais agus a mBallstát, tagann cuspóirí agus prionsabail an Chláir leis na cuspóirí agus prionsabail atá ag an gCiste Eorpach Cosanta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28]. Dá bhrí sin, ba cheart cuid den chistiú ón gClár sin a sholáthar chun na gníomhaíochtaí faoin gClár seo a chistiú, go háirithe na gníomhaíochtaí a bhaineann lena bhonneagar a imscaradh.

(29) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] ('an Rialachán Airgeadais') maidir leis an gClár. Leis an Rialachán Airgeadais, leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, soláthar, bainistíocht indíreach, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh airgeadais agus aisíocaíocht a dhéanamh le saineolaithe seachtracha.

(30) I gcomhréir le hAirteagal 191(3) den Rialachán Airgeadais, níl na costais chéanna le maoiniú faoi dhó le buiséad an Aontais in imthosca ar bith.

(31) Ba cheart don Choimisiún, agus cúraimí áirithe ar de chineál neamhrialála iad á ndéanamh aige, i gcás inar gá agus a mhéid is gá, a bheith in ann dul i muinín cúnamh teicniúil ó pháirtithe seachtracha áirithe. Ba cheart d'eintitis eile a bhfuil baint acu le

---

[27] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

[28] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149).

[29] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

rialachas poiblí an Chláir a bheith in ann úsáid a bhaint as an gcúnamh teicniúil céanna freisin agus iad ag déanamh na gcúraimí a chuirtear orthu faoin Rialachán seo.

(32) Tá feidhm ag rialacha airgeadais cothrománacha arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin sa Rialachán Airgeadais agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna agus cur chun feidhme indíreach, agus foráiltear leo do sheiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Ina theannta sin, áirítear ar rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.

(33) Conarthaí soláthair arna dtabhairt i gcrích faoin gClár le haghaidh gníomhaíochtaí arna maoiniú ag an gClár, ba cheart dóibh rialacha an Aontais a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Aontas a bheith freagrach as sainiú na gcuspóirí atá le saothrú i leith soláthar poiblí.

(34) Foráiltear in Airteagal 154 den Rialachán Airgeadais go bhfuil an Coimisiún in ann, ar bhonn torthaí measúnaithe *ex ante*, dul i muinín chórais agus nósanna imeachta na ndaoine nó na n-eintiteas a bhfuil sé de chúram orthu cistí de chuid an Aontais a chur chun feidhme. Más gá, ba cheart coigeartuithe sonracha ar na córais agus na nósanna imeachta sin ('bearta maoirseachta'), chomh maith leis na socruithe do na conarthaí atá ann cheana, a shainiú sa chomhaontú ranníocaíochta comhfhreagrach.

(35) Chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach, tá sé tábhachtach go mbeidh an deis ann, i gcás inarb iomchuí, acmhainneachtaí a úsáid arna gcur ar fáil ag eintitis phoiblí agus phríobháideacha de chuid an Aontais atá gníomhach i réimse an spáis agus, chomh maith leis sin, go mbeifí in ann a bheith ag obair ar an leibhéal idirnáisiúnta le tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta. Ar an gcúis sin, is gá foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht úsáid a bhaint as na huirlisí agus modhanna bainistíochta ábhartha uile dá bhforáiltear le CFAE agus leis an Rialachán Airgeadais agus as nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh.

(36) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30], agus Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95[31], (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[32] agus (AE) 2017/1939 [33]ón gComhairle, táthar chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n-áirítear calaois, le cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, le pionóis

30 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

31 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

32 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

33 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

riaracháin a fhorchur. Go sonrach, i gcomhréir le Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tá an chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Tugtar de chumhacht d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34], a imscrúdú agus a ionchúiseamh. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, tá ar aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i leith na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OIPE agus a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.

(37) Chun a áirithiú go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, is gá a cheangal ar thríú tíortha na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a chuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú go cuimsitheach.

(38) Is í comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí an scéim is oiriúnaí lena áirithiú go bhféadfaí cuspóirí an Chláir a shaothrú. D'fhágfadh sé go mbeifí in ann cur le bonn teicneolaíoch agus bonneagair cumarsáide satailíte an Aontais atá ann cheana agus seirbhísí rialtais stóinseacha agus nuálacha a chur ar fáil, agus ag an am céanna bheadh an comhpháirtí príobháideach in ann bonneagar an Chláir a chomhlánú le cumais bhreise chun seirbhísí tráchtála a thairiscint trí infheistíochtaí breise dá chuid féin. Ina theannta sin, dhéanfadh scéim den sórt sin costais imscartha agus oibríochta a bharrfheabhsú trí chostais forbartha agus imscartha a roinnt ar chomhpháirteanna atá i gcoiteann ag bonneagair rialtais agus tráchtála araon, chomh maith le costais oibriúcháin trí ardleibhéal frithpháirtiúcháin acmhainne a cheadú. Spreagfadh sé nuálaíocht go háirithe maidir leis an Spás Nua trí roinnt rioscaí Taighde agus Forbartha a chumasú idir comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha.

(39) D'fhéadfadh sé gur conradh lamháltais nó socruithe conarthacha eile a bheadh sa tsamhail cur chun feidhme. Beag beann ar an tsamhail cur chun feidhme, ba cheart roinnt príomhphrionsabal a chur i bhfeidhm. Ba cheart go mbunófaí leis an gconradh dáileadh soiléir na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí idir na comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha. Dá bhrí sin, ba cheart go seachnófaí leis róchúiteamh don chomhpháirtí príobháideach chun seirbhísí rialtais a sholáthar, go gceadófaí don earnáil phríobháideach seirbhísí tráchtála a sholáthar agus go n-áiritheofaí go dtabharfaí tosaíocht iomchuí do riachtanais na n-úsáideoirí rialtais. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann measúnú agus formheas a dhéanamh ar na seirbhísí sin chun a áirithiú go gcaomhnófar leasanna bunriachtanacha an Aontais agus cuspóirí an Chláir agus go gcuirfear coimircí leordhóthanacha ar bun chun saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh teacht as soláthar seirbhísí tráchtála a chosc; d'fhéadfaí a áireamh sna coimircí sin deighilt cuntas idir seirbhísí rialtais agus tráchtála, rochtain oscailte,

[34] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

chothrom agus neamh-idirdhealaitheach ar bhonneagar is gá chun seirbhísí tráchtála a sholáthar. Ba cheart go gcothófaí leis an gcomhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach rannpháirtíocht gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna feadh shlabhra luacha iomlán an lamháltais agus ó Bhallstát go chéile, agus leis sin dhreasófaí forbairt teicneolaíochtaí nuálacha suaiteacha

(40) Chun go ndéanfar rialachas poiblí fónta ar an gClár, ní mór dáileadh soiléir freagrachtaí agus cúraimí idir na gníomhaithe éagsúla lena mbaineann chun forluí neamhriachtanach a sheachaint agus chun ró-chaiteachas agus moilleanna a laghdú. Ba cheart do ghníomhaithe uile an rialachais tacú, ina réimse inniúlachta agus i gcomhréir lena bhfreagrachtaí, le baint amach chuspóirí an Chláir.

(41) Is fada an lá atá na Ballstáit gníomhach i réimse an spáis. Tá córais, bonneagar, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí náisiúnta acu a bhfuil baint acu leis an spás. Dá bhrí sin, is féidir leo rannchuidiú go mór leis an gClár, go háirithe lena chur chun feidhme. D’fhéadfaidís oibriú i gcomhar leis an Aontas chun seirbhísí agus feidhmeanna an Chláir a chur chun cinn agus comhleanúnachas a áirithiú idir na tionscnaimh náisiúnta ábhartha agus an Clár. D’fhéadfadh sé go mbeadh an Coimisiún in ann na hacmhainní atá ar fáil do na Ballstáit a shlógadh, leas a bhaint as a gcúnamh agus, faoi réir coinníollacha arna gcomhaontú go frithpháirteach, cúraimí neamhrialála a chur ar na Ballstáit i ndáil le cur chun feidhme an Chláir. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcosnófar an bonneagar ar talamh atá suite ina gcríocha. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún oibriú le chéile leis na comhlachtaí iomchuí idirnáisiúnta agus leis na húdaráis rialála iomchuí chun a áirithiú go mbeidh na minicíochtaí is gá don Chlár ar fáil agus go ndéanfar iad a chosaint ar an leibhéal iomchuí le go mbeifear in ann na feidhmeanna arna mbunú ar na seirbhísí arna gcur ar fáil a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina n-iomláine, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35].

(42) I gcomhréir le hAirteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (‘CAE’) agus ós aidhm leis an gCoimisiún leas ginearálta an Aontais a chur chun cinn, is é atá freagrach as an gClár a chur chun feidhme, as freagracht fhoriomlán a ghlacadh as agus as a úsáid a chur chun cinn. Chun acmhainní agus inniúlachtaí na ngeallsealbhóirí éagsúla a bharrfheabhsú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cúraimí áirithe a chur ar eintitis eile faoi imthosca a bhfuil údar leo. Agus freagracht fhoriomlán as an gClár aige, ba cheart don Choimisiún na príomhcheanglais theicniúla agus oibríochtúla atá riachtanach a chinneadh chun éabhlóid córas agus seirbhísí a chur chun feidhme. Ba cheart dó é sin a dhéanamh tar éis dó dul i gcomhairle le saineolaithe na mBallstát, le húsáideoirí agus le geallsealbhóirí ábhartha eile. Ar deireadh, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) CFAE, ní bheidh de thoradh ar inniúlacht a bheith á feidhmiú ag an Aontas go gcoiscfear ar na Ballstáit a n-inniúlachtaí a fheidhmiú. Mar sin féin, chun dea-úsáid a bhaint as cistí an Aontais, is iomchuí go n-áiritheoidh an Coimisiún, a mhéid is féidir, comhleanúnachas na ngníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhthéacs an Chláir le gníomhaíochtaí na mBallstát.

(43) Is é misean Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (‘an Ghníomhaireacht’) rannchuidiú leis an gClár, go háirithe maidir le creidiúnú slándála. Dá bhrí sin, ba cheart cúraimí áirithe a bhfuil baint acu leis na réimsí sin a thabhairt

[35] Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear clár beartais radaispeictrim ilbhliantúil (IO L 81, 21.3.2012, lch. 7).

don Ghníomhaireacht. Maidir leis an tslándáil go háirithe, agus ós rud é go bhfuil taithí aici sa réimse sin, ba cheart an Ghníomhaireacht a bheith freagrach as creidiúnú slándála na seirbhísí agus an bhonneagair rialtais . Thairis sin, ba cheart don Ghníomhaireacht na cúraimí a chuirfidh an Coimisiún uirthi a dhéanamh. Agus cúraimí á gcur ar an nGníomhaireacht, ba cheart acmhainní leordhóthanacha daonna, riaracháin agus airgeadais a chur ar fáil.

(44) Ar bhonn an tsaineolais a forbraíodh le blianta beaga anuas i dtaca le bainistiú, oibriú agus soláthar seirbhísí a bhaineann le comhpháirteanna Galileo agus EGNOS de Chlár Spáis an Aontais, is í an Ghníomhaireacht an comhlacht is iomchuí chun na cúraimí ar fad a bhaineann le hoibriú an bhonneagair rialtais agus le soláthar seirbhísí rialtais a chur chun feidhme, faoi mhaoirseacht an Choimisiúin. Ba cheart, dá bhrí sin, go gcuirfí oibriú an bhonneagair rialtais agus soláthar seirbhísí rialtais de chúram ar an nGníomhaireacht.

(45) Chun oibriú an bhonneagair rialtais a áirithiú agus soláthar na seirbhísí rialtais a éascú, ba cheart a cheadú don Ghníomhaireacht, trí bhíthin comhaontuithe ranníocaíochta, gníomhaíochtaí sonracha a chur de chúram ar eintitis eile, i réimsí a n-inniúlachtaí faoi seach, faoi choinníollacha na bainistíochta indírí a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCoimisiún.

(46) Is eagraíocht idirnáisiúnta é GES a bhfuil saineolas leathan aige i réimse an spáis lena n-áirítear i gcumarsáid satailíte agus, dá bhrí sin, is comhpháirtí tábhachtach é i gcur chun feidhme na ngnéithe éagsúla de bheartas spáis an Aontais. I ndáil leis sin, ba cheart do GES a bheith in ann saineolas teicniúil a chur ar fáil don Choimisiún, lena n-áirítear chun gnéithe teicniúla an Chláir a ullmhú. Chuige sin, féadfar gníomhaíochtaí forbartha agus bailíochtaithe an Chláir a chur de chúram ar GES, agus féadfaidh sé tacú leis an meastóireacht ar na conarthaí arna dtabhairt i gcrích i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chláir.

(47) De bharr a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí a bhaineann leis an spás do gheilleagar an Aontais agus do shaolta shaoránaigh an Aontais, ba cheart é a bheith ina phríomhthosaíocht ag an gClár ardleibhéal slándála a bhaint amach agus a choinneáil ar bun, go háirithe chun leasanna an Aontais agus na mBallstát a chosaint, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe agus le faisnéis íogair nach bhfuil rúnaicmithe.

(48) Faoi Airteagal 17 CAE, tá an Coimisiún freagrach as bainistiú na gclár a fhéadfar, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais, a fho-tharmligean chuig tríú páirtithe faoi bhainistíocht indíreach. Sa chomhthéacs sin maidir leis na cúraimí a dhéanann tríú páirtithe chun an Clár a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, ní mór don Choimisiún a áirithiú nach mbainfidh siad an bonn de shlándáil an Chláir go háirithe maidir le rialú faisnéise rúnaicmithe. Ba cheart a shoiléiriú, dá bhrí sin, i gcás ina gcuireann an Coimisiún de chúram ar GES cúraimí a dhéanamh faoin gClár, nach mór a áirithiú leis na comhaontuithe ranníocaíochta comhfhreagracha go ndéanfar faisnéis rúnaicmithe arna giniúint ag GES a mheas mar fhaisnéis rúnaicmithe AE (‘FRAE’) i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún[36] agus Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle[37] arna gcruthú faoi údarás an Choimisiúin.

---

36 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

(49) Gan dochar do shainchumais na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta, ba cheart don Choimisiún agus don Ardionadaí, ina réimse inniúlachta féin faoi seach, slándáil an Chláir a áirithiú i gcomhréir leis an Rialachán seo agus, i gcás inarb ábhartha, le Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle[38].

(50) Ós rud é go bhfuil saineolas sonrach ag SEGS agus go mbíonn teagmháil rialta aige le húdaráis tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, ba cheart do SEGS a bheith in ann cuidiú leis an gCoimisiún cúraimí áirithe a bhaineann le slándáil an Chláir i réimse an chaidrimh sheachtraigh a chur i gcrích, i gcomhréir le Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle[39].

(51) Gan dochar do fhreagracht aonair na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) CAE, agus don cheart atá ag na Ballstáit a leasanna bunúsacha slándála a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 346 CFAE, ba cheart rialachas sonrach slándála a bhunú chun cur chun feidhme rianúil an Chláir a áirithiú. Ba cheart an rialachas sin a bheith bunaithe ar thrí phríomhphrionsabal. Ar an gcéad dul síos, tá sé ríthábhachtach an taithí leathan uathúil ar ábhair shlándála atá ag na Ballstáit a chur san áireamh a mhéid is féidir. Ar an dara dul síos, chun coinbhleachtaí leasa agus aon laigí i gcur i bhfeidhm na rialacha slándála a sheachaint, ba cheart feidhmeanna oibríochtúla a dhealú ó na feidhmeanna creidiúnaithe slándála. Ar an tríú dul síos, an t-eintiteas atá i gceannas ar bhonneagar uile an Chláir nó cuid de a bhainistiú, is é sin is fearr is féidir slándáil na gcúraimí sin atá air a bhainistiú. Le slándáil an Chláir, chuirfí leis an taithí a fuarthas le linn chur chun feidhme Chlár Spáis an Aontais le roinnt blianta anuas. Lena chois sin, chun go mbeidh rialachas fónta slándála ann, ní mór na róil a dháileadh go hiomchuí ar na gníomhaithe éagsúla. Ós rud é gur air atá an fhreagracht as an gClár, ba cheart don Choimisiún, gan dochar do shainchumais na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta, na ceanglais ghinearálta slándála is infheidhme a chinneadh maidir leis an gClár.

(52) Tá cibearshlándáil bhonneagair an Chláir, ar talamh agus i spás araon, ríthábhachtach maidir le leanúnachas seirbhísí agus oibríochtaí na gcóras a áirithiú. Agus ceanglais slándála á mbunú, ba cheart, dá bhrí sin, aird chuí a thabhairt ar an ngá atá leis an gcóras agus a sheirbhísí a chosaint ar chibirionsaithe, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua.

(53) I gcás inarb iomchuí, tar éis an anailís a dhéanamh ar rioscaí agus bagairtí, ba cheart don Choimisiún struchtúr faireacháin slándála a shainaithint. Ba cheart gurbh é an struchtúr faireacháin slándála sin an t-eintiteas a fhreagróidh ar threoracha arna bhforbairt faoi raon feidhme Chinneadh (CBES) 2021/698.

(54) Bainfidh gníomhaithe rialtais an Aontais úsáid as na seirbhísí rialtais a chuirtear ar fáil leis an gClár i misin atá criticiúil don tslándáil agus don tsábháilteacht. Dá bhrí sin, ba cheart seirbhísí agus bonneagar den sórt sin a bheith faoi réir creidiúnú slándála.

---

[37] Cinneadh ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

[38] Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le slándáil na gcóras agus na seirbhísí a imscartar, a oibrítear agus a úsáidtear faoi Chlár Spáis an Aontais agus a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/496/CBES (IO L 170, 12.5.2021, lch. 178).

[39] Cinneadh ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (2010/427/AE) (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30).

(55) Ní mór gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála a dhéanamh ar bhonn na freagrachta coitinne as slándáil an Aontais agus a Bhallstát, trí gach dícheall a dhéanamh comhthoil a thógáil agus trí iad siúd uile lena mbaineann ceist na slándála a thabhairt isteach sa phróiseas, agus ní mór nós imeachta maidir le faireachán buan ar riosca a chur ar bun. Is gá freisin go ndéanfadh gairmithe atá cáilithe go cuí gníomhaíochtaí teicniúla creidiúnaithe slándála sa réimse a bhaineann le córais chasta a chreidiúnú agus a bhfuil leibhéal leordhóthanach imréitigh slándála acu.

(56) Cuspóir tábhachtach de chuid an Chláir is ea slándáil an Aontais agus na mBallstát a áirithiú agus athléimneacht ar fud na bpríomhtheicneolaíochtaí agus na slabhraí luacha a neartú. I gcásanna sonracha, chun an cuspóir sin a bhaint amach, is gá na coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta a leagan síos chun cosaint shláine, shlándáil agus athléimneacht chórais oibríochtúla an Aontais a áirithiú. Níor cheart, leis sin, an bonn a bhaint den ghá atá le hiomaíochas agus cost-éifeachtúlacht.

(57) I bhfianaise na tábhachta don Chlár a bhaineann lena bhonneagar rialtais ar talamh agus an tionchar atá aige ar a shlándáil, is é an Coimisiún ba cheart suíomh an bhonneagair sin a chinneadh. Ba cheart próiseas oscailte agus trédhearcach a leanúint i gcónaí maidir le himscaradh bhonneagar rialtais an Chláir ar talamh, imscaradh a bhféadfadh an Ghníomhaireacht a bheith rannpháirteach ann i gcás inarb iomchuí agus bunaithe ar a réimse inniúlachta.

(58) Bainfidh gníomhaithe ón Aontas agus ó na Ballstáit úsáid as seirbhísí rialtais an Chláir i misin agus oibríochtaí ina bhfuil an tslándáil agus an tsábháilteacht criticiúil. Dá bhrí sin, chun leas slándála riachtanach an Aontais agus a Bhallstát a chosaint, tá gá le bearta chun an leibhéal neamhspleáchais is gá ar thríú páirtithe (tríú tíortha agus eintitis ó thríú tíortha) a áirithiú, bearta lena gcuimseofar eilimintí uile an Chláir. Áirítear leis sin teicneolaíochtaí spáis agus talún ar leibhéal na comhpháirte, an fhochórais agus an chórais, tionscail mhonaraíochta, úinéirí agus oibreoirí córas spáis, agus suíomh fisiciúil comhpháirteanna córas ar talamh.

(59) Chun iomaíochas thionscal spáis na hEorpa a áirithiú amach anseo, ba cheart don Chlár cur le forbairt ardscileanna i réimsí a bhaineann leis an spás agus tacú le gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna, agus comhionannas deiseanna, comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn, chun acmhainneacht iomlán shaoránaigh an Aontais sa réimse sin a bhaint amach.

(60) I bhfianaise a chumhdaigh ar fud an domhain, tá gné láidir idirnáisiúnta ag an gClár. Gheobhaidh comhpháirtithe idirnáisiúnta, a rialtais agus a saoránaigh raon seirbhísí an Chláir lena ngabhfaidh sochair fhabhraithe bhaineann le comhar idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát leis na comhpháirtithe sin. Maidir le hábhair a bhaineann leis an gClár, d'fhéadfadh an Coimisiún comhordú a dhéanamh, thar ceann an Aontais agus ina réimse inniúlachta, ar na gníomhaíochtaí ar an ardán idirnáisiúnta. Go sonrach, dhéanfadh an Coimisiún, maidir leis an gClár, leasanna an Aontais agus leasanna na mBallstát a chosaint i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear i réimse na minicíochtaí, gan dochar d'inniúlacht na mBallstát sa réimse sin.

(61) Féadfaidh comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) atá ina gcomhaltaí den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha mar aon le tíortha de Bheartas Comharsanachta na hEorpa agus tríú tíortha eile a bheith rannpháirteach sa Chlár ach amháin ar bhonn comhaontú atá le tabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE.

(62) De bhun Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle[40], tá daoine agus eintitis atá bunaithe i dtíortha agus críocha thar lear incháilithe chun cistiú a fháil faoi réir rialacha agus chuspóirí an Chláir agus faoi réir aon socrú féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear.

(63) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a bhaineann le glacadh shuíomh na lárionad ar cuid den bhonneagar rialtais ar talamh iad, leis na ceanglais oibríochtúla le haghaidh seirbhísí rialtais, leis an bpunann seirbhísí le haghaidh seirbhísí rialtais, mar aon le ceanglais bhreise a bhunú maidir le rannpháirtíocht tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Chlár. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41].

(64) I bprionsabal, ba cheart na seirbhísí rialtais a sholáthar saor in aisce d'úsáideoirí na seirbhísí rialtais. Más rud é, tar éis anailís a dhéanamh, go gcinneann an Coimisiún go bhfuil easpa acmhainne ann, ba cheart go gceadófaí beartas praghsála a fhorbairt mar chuid de na rialacha mionsonraithe sin maidir le soláthar seirbhísí chun saobhadh ar an margadh a sheachaint. Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun beartas praghsála den sórt sin a ghlacadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(65) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca le suíomh bhonneagar na coda ar talamh den bhonneagar rialtais. Ar mhaithe le suíomhanna den sórt sin a roghnú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann na ceanglais oibríochtúla agus slándála, chomh maith leis an mbonneagar atá ann cheana, a chur san áireamh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(66) Ar mhaithe le rialachas poiblí fónta agus i bhfianaise na sineirgíochtaí idir an Clár seo agus Clár Spáis an Aontais, agus go háirithe chun sineirgí iomchuí le comhpháirt GOVSATCOM a áirithiú, is é an coiste cláir arna bhunú faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2021/696 i bhfoirmíocht GOVSATCOM is ceart a bheith ina choiste freisin chun críocha an Chláir seo. I gcás ábhair a bhaineann le slándáil an Chláir, ba cheart do choiste an Chláir teacht le chéile i bhfoirmíocht slándála thiomnaithe.

(67) D'fhéadfadh sé go mbeadh ionadaithe ó na heintitis a bhfuil cúraimí a bhaineann leis an gClár orthu in ann páirt a ghlacadh, mar bhreathnóirí, in obair choiste an Chláir arna bhunú le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, ós rud é gur gá, ó thaobh rialachas fónta poiblí de, bainistiú aonfhoirmeach a dhéanamh ar an gClár mar aon le cinnteoireacht níos tapa agus rochtain chomhionann a thabhairt ar fhaisnéis. Ar na cúiseanna céanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh ionadaithe ó thríú tíortha agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích leis an Aontas acu, ar comhaontú é a bhaineann leis an gClár, in ann páirt a ghlacadh in obair choiste an Chláir faoi réir srianta slándála agus mar a fhoráiltear dó i dtéarmaí

[40] Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach ("an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear") (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

[41] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

comhaontaithe den sórt sin. Níor cheart na hionadaithe ó eintitis ar cuireadh cúraimí a bhaineann leis an gClár orthu, ó thríú tíortha ná ó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bheith i dteideal páirt a ghlacadh i nósanna imeachta vótála choiste an Chláir. Ba cheart na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht breathnóirí agus rannpháirtithe ad hoc a leagan síos i rialacha nós imeachta choiste an Chláir.

(68) De bhun mhíreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[42], ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an gClár seo ar bhonn na faisnéise arna bailiú i gcomhréir le ceanglais faireacháin shonracha, agus ag an am céanna ualach riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, agus ró-rialáil, á seachaint. Ar na ceanglais sin ba cheart a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Chláir. Sa mheastóireacht ar an gClár seo, ba cheart torthaí na meastóireachta ar Chlár Spáis an Aontais a bhaineann le comhpháirt GOVSATCOM arna déanamh faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2021/696 a chur san áireamh.

(69) Chun leordhóthanacht leanúnach na dtáscairí a áirithiú maidir le tuairisciú ar dhul chun cinn an Chláir, chomh maith le creat faireacháin agus meastóireachta an Chláir, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú i ndáil leis na táscairí, agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú, lena bhféadfaí glacadh úsáideoirí deiridh agus tionchair ar an margadh inmheánach a mheas *inter alia*. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(70) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le ceanglais slándála an Chláir a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rialú iomlán a chur i bhfeidhm maidir le ceanglais slándála an Chláir. Agus gníomhartha cur chun feidhme á nglacadh i réimse shlándáil an Chláir, ba cheart coiste an Chláir, ag teacht le chéile i bhfoirmíocht slándála thiomnaithe, a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún. I bhfianaise íogaireacht na n-ábhar slándála, ba cheart don chathaoirleach de choiste an Chláir iarracht a dhéanamh teacht ar réitigh a mbeadh an tacaíocht is forleithne is féidir acu laistigh den choiste. Níor cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinnfí ceanglais slándála ghinearálta an Chláir i gcásanna nach dtugann coiste an Chláir aon tuairim.

(71) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr scála agus éifeachtaí na gníomhaíochta toisc a théann thar acmhainneachtaí airgeadais agus teicniúla aon Bhallstáit aonair, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i

[42] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I

# Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Bunaítear leis an Rialachán seo Clár an Aontais um Nascacht Shlán ('an Clár'). Leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, agus na rialacha maidir le gníomhaíochtaí an Chláir, bonneagar agus seirbhísí an Chláir, rannpháirtithe an Chláir, an buiséad don tréimhse 2023-2027, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha maidir leis an gcistiú sin a sholáthar, agus na rialacha maidir leis an gClár a chur chun feidhme.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn 'bonneagar criticiúil' sócmhainn, córas nó cuid de chóras atá suite sna Ballstáit agus atá fíor-riachtanach chun feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha a chothabháil, amhail sláinte, sábháilteacht, slándáil, leas eacnamaíoch nó sóisialta na ndaoine, agus ar sócmhainn í a d'imreodh a scriosadh, nó cur isteach uirthi, tionchar suntasach ar Bhallstát mar thoradh ar an mainneachtain na feidhmeanna sin a chothabháil;

(2) ciallaíonn 'Bonneagar Cumarsáide Candamaí na hEorpa (EuroQCI)' bonneagar idirnasctha spáis agus ar talamh ar le bonneagar an Chláir é agus a úsáideann teicneolaíocht chandam-bhunaithe chun leithdháileadh eochracha cripteagrafacha a áirithiú;

(3) beidh le 'Mol GOVSATCOM' an bhrí a shainmhínítear in Airteagal 2(23) de Rialachán (AE) 2021/696;

(4) beidh le 'úsáideoir GOVSATCOM' an bhrí a shainmhínítear in Airteagal 2(22) de Rialachán (AE) 2021/696;

(5) ciallaíonn 'bonneagar' sócmhainn, córas nó cuid de chóras, atá riachtanach chun na seirbhísí a sholáthraíonn an Clár a chur ar fáil;

(6) ciallaíonn 'tionscal an Spáis Nua' cuideachtaí príobháideacha, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn teicneolaíochtaí agus feidhmeanna nua spáis;

(7) ciallaíonn 'pálasta' trealamh a iompraíonn spásárthach chun misean áirithe sa spás a chur i gcrích;

(8) ciallaíonn ‘córas nascachta sláine’ an córas a fhorbraítear i gcomhréir leis an Rialachán seo lena gcuimsítear an bonneagar dá dtagraítear in Airteagal 5 agus lena soláthraítear na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 7;

(9) ciallaíonn ‘An Ghníomhaireacht’ Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/696.

*Airteagal 3*

**Cuspóirí an Chláir**

1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir seo córas nascachta spásbhunaithe a bhunú atá slán agus uathrialach chun seirbhísí cumarsáide satailíte ráthaithe agus athléimneacha a sholáthar, go háirithe:

(a) chun a áirithiú go mbeidh fáil fhadtéarmach gan bhriseadh ar fud an domhain ag úsáideoirí rialtais ar rochtain ar sheirbhísí cumarsáide satailíte atá slán agus costéifeachtach i gcomhréir le míreanna 1 go 3 d’Airteagal 7, a thacaíonn le cosaint bonneagar criticiúil, faireachas, gníomhaíochtaí seachtracha, bainistiú géarchéime agus feidhmeanna atá criticiúil le haghaidh an gheilleagair, an chomhshaoil, na slándála agus na cosanta, agus ar an gcaoi sin athléimneacht na mBallstát a mhéadú;

(b) chun a cheadú don earnáil phríobháideach seirbhísí tráchtála a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 7(4).

2. Seo a leanas cuspóirí sonracha an Chláir:

(a) feabhas a chur ar athléimneacht sheirbhísí cumarsáide an Aontais trí bhonneagar ilfhithiseach nascachta a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú, ar bonneagar é a chuirtear in oiriúint go leanúnach d’éabhlóid an éilimh ar chumarsáidí satailíte, agus ag cur san áireamh sócmhainní na mBallstát atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, ar sócmhainní iad a úsáidtear i gcreat chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais arna bunú le Rialachán (AE) 2021/696[43];

(b) rannchuidiú le cibear-athléimneacht trí chosaint réamhghníomhach agus fhrithghníomhach a dhéanamh in aghaidh cibear-bhagairtí agus bagairtí leictreamaighnéadacha agus rannchuidiú le cibear-shlándáil oibríochtúil, agus cuid an spáis agus an chuid ghaolmhar ar talamh de Bhonneagar Cumarsáide Candamaí na hEorpa a chomhtháthú chun go bhféadfar eochracha cripteagrafacha a tharchur ar bhealach slán;

(c) cumais agus seirbhísí comhpháirteanna eile de Chlár Spáis an Aontais a fheabhsú agus a leathnú;

(d) imscaradh teicneolaíochtaí nuálacha agus suaiteacha a dhreasú, go háirithe trí thionscal an Spáis Nua a ghiaráil; agus

(e) forbairt bhreise a cheadú ar leathanbhanda ardluais agus nascacht gan uaim ar fud an Aontais, lena ndíothaítear limistéir chumarsáide mharbha agus lena

[43] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

méadaítear comhtháthú ar fud chríocha na mBallstát, agus nascacht a cheadú thar limistéir gheografacha lasmuigh den Aontas Eorpach a bhfuil leas straitéiseach ag baint leo.

*Airteagal 4*

**Gníomhaíochtaí cur chun feidhme an Chláir**

1. Déanfar soláthar na seirbhísí rialtais dá dtagraítear in Airteagal 7(1) a áirithiú trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur chun feidhme:

   (a) gníomhaíochtaí forbartha agus bailíochtaithe, lena gcuimsítear an bonneagar tosaigh spáis agus an bonneagar tosaigh ar talamh is gá a fhoirgniú agus a lainseáil chun seirbhísí rialtais a sholáthar;

   (b) cuid an spáis agus an chuid ghaolmhar ar talamh de Bhonneagar Cumarsáide Candamaí na hEorpa a fhorbairt agus a chomhtháthú i mbonneagar spáis agus bonneagar an chórais nascachta sláine ar talamh

   (c) gníomhaíochtaí imscartha chun an bonneagar spáis agus an bonneagar ar talamh is gá a thabhairt chun críche chun seirbhísí rialtais a sholáthar;

   (d) gníomhaíochtaí saothraithe le haghaidh seirbhísí rialtais a sholáthar, lena gcuimsítear:

      (i) oibriú, cothabháil, feabhas leanúnach, agus cosaint an bhonneagair spáis agus an bhonneagair ar talamh, lena n-áirítear uasghrádú agus bainistíocht dífheidhmeachta.

   (e) glúine an bhonneagair spáis agus an bhonneagair ar talamh amach anseo a fhorbairt agus éabhlóid na seirbhísí rialtais.

2. Maidir leis na gníomhaíochtaí saothraithe dá dtagraítear i mír (1), pointe (d), tosófar orthu de réir a chéile le soláthar réamhthacair seirbhísí faoi 2024. Feabhsófar na seirbhísí luatha sin trí imscaradh céimneach an bhonneagair spáis agus an bhonneagair ar talamh as a dtiocfaidh cumas iomlán oibríochtúil atá le baint amach faoi 2027.

3. Soláthrófar gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6 ar feadh ré iomlán an Chláir.

*Airteagal 5*

**Bonneagar an chórais nascachta sláine**

1. Beidh bonneagar rialtais agus tráchtála i mbonneagar an chórais nascachta sláine, mar a leagtar síos i míreanna 2 agus 3 faoi seach.

2. I mbonneagar rialtais an chórais nascachta sláine áireofar na sócmhainní ar talamh agus na sócmhainní spáis gaolmhara uile is gá chun na seirbhísí rialtais a sholáthar, mar a leagtar amach in Airteagal 7(1), lena n-áirítear na sócmhainní seo a leanas:

   (a) satailítí nó fo-chomhpháirteanna satailíte;

   (b) fo-chomhpháirteanna spáis agus ar talamh lena n-áirithítear leithdháileadh eochracha cripteagrafacha;

   (c) bonneagar chun faireachán a dhéanamh ar shlándáil sheirbhísí agus bhonneagar an Chláir;

   (d) bonneagar le haghaidh seirbhísí a sholáthar do na húsáideoirí rialtais;

(e) an chuid ar talamh de bhonneagar GOVSATCOM mar a leagtar amach in Airteagal 67 de Rialachán (AE) 2021/696, lena n-áirítear Moil GOVSATCOM.

Chun críoch an Rialacháin seo, an ceart chun úsáid a bhaint as na minicíochtaí is gá i dtaca le tarchur na gcomharthaí arna nginiúint ag na sócmhainní ar talamh agus na sócmhainní spáis de chuid an bhonneagair rialtais, beidh sé mar chuid den bhonneagar rialtais.

Tacóidh an bonneagar rialtais le pálastaí breise a fhéadfar a úsáid mar chuid de bhonneagar spásbhunaithe na gcomhpháirteanna de Chlár Spáis an Aontais a liostaítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/696 faoi na téarmaí agus coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán sin.

3. Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, i gcás inar gá, bearta is gá chun suíomh na lárionad a bhaineann leis an mbonneagar rialtais ar talamh a chinneadh, seachas Moil GOVSATCOM, i gcomhréir leis na ceanglais slándála, tar éis próiseas trédhearcach oscailte. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2) den Rialachán seo. Déanfar suíomh Mhoil GOVSATCOM a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 67(2) de Rialachán (AE) 2021/696.

Chun leasanna slándála an Aontais agus a Bhallstát a chosaint beidh na lárionaid dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i gcás inar féidir, suite i gcríoch na mBallstát agus rialófar iad trí chomhaontú óstach a bheidh i bhfoirm comhaontaithe riaracháin idir an tAontas agus an Ballstáit lena mbaineann.

I gcás nach féidir an lárionad a lonnú i gcríoch na mBallstát, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh lárionad den sórt sin a lonnú i gcríoch de chuid tríú tír, faoi réir comhaontú óstach, idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann, a thabharfar i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE.

4. Beidh ar áireamh sa bhonneagar tráchtála dá dtagraítear i mír 1 na sócmhainní spáis agus na sócmhainní ar talamh uile seachas na sócmhainní sin ar cuid den bhonneagar rialtais iad. Déanfaidh an conraitheoir dá dtagraítear in Airteagal 15(2) an bonneagar tráchtála a mhaoiniú go hiomlán.

5. Chun leasanna slándála an Aontais a chosaint, déanfaidh soláthraí seirbhíse lainseála a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 19 sócmhainní spáis an chórais nascachta a lainseáil agus, i gcás inar féidir, lainseálfar iad ó chríoch na mBallstát.

*Airteagal 6*

**Gníomhaíochtaí chun tacú le hearnáil spáis nuálach iomaíoch don Aontas**

1. Tacóidh an Clár le hearnáil spáis an Aontais atá nuálach agus iomaíoch agus spreagfaidh sé tionscal an Spáis Nua san Aontas, agus go háirithe leis na tionscnaimh agus gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 6 de Rialacháin (AE) 2021/696, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tacaíocht do sheirbhísí tráchtála.

2. Rannchuideoidh an Coimisiún leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, trí na bearta seo a leanas a dhéanamh:

(a) critéir a bhunú maidir le dámhachtain na gconarthaí dá dtagraítear in Airteagal 15 lena n-áirithítear rannpháirtíocht na ngnólachtaí nuathionscanta

agus na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) ar fud an Aontais agus feadh an tslabhra luacha ábhartha iomláin;

(b) a cheangal go ndéanfaidh an conraitheoir dá dtagraítear in Airteagal 15(2) plean a sholáthar maidir le gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna ar fud an Aontais a chomhtháthú sna gníomhaíochtaí faoi na conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 15;

(c) a cheangal trí na conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 15 go mbíonn gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna in ann seirbhísí dílse a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh;

(d) rannpháirtíocht níos láidre ó nuálaithe ban a spreagadh agus spriocanna comhionannais agus cuimsithe a leagan síos sa doiciméadacht tairisceana.

# CAIBIDIL III

# Seirbhísí

*Airteagal 7*

**Sainmhíniú ar Phunann seirbhísí**

1. Áiritheofar go soláthrófar seirbhísí rialtais mar a leagtar síos sa phunann seirbhísí dá dtagraítear i mír 3 agus i gcomhréir leis na ceanglais oibríochtúla a leagtar amach i mír 2.

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na ceanglais oibríochtúla maidir le seirbhísí rialtais, agus beidh na ceanglais sin i bhfoirm sonraíochtaí teicniúla maidir le cásanna úsáide a bhaineann, go háirithe, le bainistiú géarchéime, faireachán agus bainistiú príomhbhonneagair, lena n-áirítear líonraí cumarsáide taidhleoireachta. Bunófar na ceanglais oibríochtúla sin ar anailís mhionsonraithe na gceanglas atá ag úsáideoirí an Chláir, cuirfidh siad san áireamh ceanglais a eascraíonn as trealamh agus líonraí úsáideoirí atá ann cheana agus ceanglais oibríochtúla le haghaidh seirbhísí GOVSATCOM de réir Airteagal 63(2) de Rialachán an Chláir Spáis. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2).

3. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an phunann seirbhísí le haghaidh seirbhísí rialtais i bhfoirm liosta seirbhísí agus a dtréithe, lena n-áirítear cumhdach geografach, minicíocht, bandaleithead, trealamh úsáideoirí agus gnéithe slándála. Bunófar na gníomhartha cur chun feidhme sin ar na ceanglais oibríochtúla dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus ar cheanglais slándála is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 27(2). Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2).

4. Déanfaidh an conraitheoir dá dtagraítear in Airteagal 15(2) soláthar na seirbhísí tráchtála a mhaoiniú. Déanfar na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le soláthar na seirbhísí tráchtála a chinneadh sna conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 15. Sonrófar iontu go háirithe conas a dhéanfaidh an Coimisiún soláthar na seirbhísí tráchtála a mheasúnú agus a fhormheas chun a áirithiú go gcaomhnaítear leasanna bunriachtanacha an Aontais agus cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 3. Áireofar iontu freisin coimircí leormhaithe chun saobhadh

iomaíochta i soláthar seirbhísí tráchtála a chosc, chun go seachnófar aon choinbhleacht leasa, idirdhealú míchuí agus aon bhuntáiste indíreach folaithe eile don chonraitheoir dá dtagraítear in Airteagal 15(2). Féadfar a áireamh ar choimircí den sórt sin an oibleagáid um dheighilt chuntasaíochta idir soláthar seirbhísí rialtais agus soláthar seirbhísí tráchtála, lena n-áirítear eintiteas ar leith a bhunú atá scartha go struchtúrach agus go dlíthiúil ón oibreoir atá comhtháite go hingearach le haghaidh seirbhísí rialtais a sholáthar, agus chun rochtain oscailte, chóir agus neamh-idirdhealaitheach a sholáthar ar an mbonneagar is gá chun seirbhísí tráchtála a sholáthar.

*Airteagal 8*

**Seirbhísí rialtais**

1. Soláthrófar seirbhísí rialtais do na rannpháirtithe sa Chlár dá dtagraítear in Airteagal 9(1), Airteagal 9(2) agus Airteagal 9(3).

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha mionsonraithe maidir le seirbhísí rialtais a sholáthar agus Airteagal 66 de Rialachán an Chláir Spáis chomh maith leis an éileamh lena bhfuiltear ag coinne ar na cásanna úsáide éagsúla, leithdháileadh dinimiciúil na n-acmhainní agus tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí rialtais de réir ábharthacht agus chriticiúlacht riachtanais na n-úsáideoirí agus, i gcás inarb iomchuí, an chostéifeachtúlacht, á gcur san áireamh.

3. Beidh rochtain ar na seirbhísí rialtais saor in aisce dá n-úsáideoirí.

4. De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh an Coimisiún, i gcásanna ina bhfuil údar cuí leo agus ar bhonn eisceachtúil, beartas praghsála a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

   Tríd an mbeartas praghsála sin a chinneadh, áiritheoidh an Coimisiún nach ndéanfar saobhadh ar an iomaíocht mar gheall ar na seirbhísí rialtais a sholáthar, nach mbeidh ganntanas seirbhísí rialtais ann agus nach dtugtar aon róchúiteamh don tairbhí mar thoradh ar an bpraghas a shainaithnítear.

5. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 agus mír 4 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2).

6. Maidir le soláthar seirbhísí rialtais idir na húsáideoirí arna n-údarú ag an rannpháirtí céanna sa Chlár, is é an rannpháirtí sin sa Chlár a dhéanfaidh an soláthar sin a chinneadh agus a chur chun feidhme.

*Airteagal 9*

**Rannpháirtithe sa Chlár agus údaráis inniúla**

1. Is iad na Ballstáit, an Chomhairle, an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a bheidh ina rannpháirtithe sa Chlár a mhéid a údaraíonn siad úsáideoirí na seirbhísí rialtais.

2. Féadfaidh gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais a bheith ina rannpháirtithe sa Chlár a mhéid is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh agus i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar síos i socrú riaracháin arna thabhairt i gcrích idir an ghníomhaireacht lena mbaineann agus an institiúid de chuid an Aontais a dhéanann maoirsiú uirthi.

3. Féadfaidh tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bheith ina rannpháirtithe sa Chlár i gcomhréir le hAirteagal 36.

4. Ainmneoidh gach rannpháirtí sa Chlár Údarás Inniúil amháin um Nascacht Shlán.

Measfar gur chomhlíon na rannpháirtithe sa Chlár an ceanglas sin má chomhlíonann siad na critéir seo a leanas:

(a) tá siad ina rannpháirtithe GOVSATCOM dá dtagraítear in Airteagal 68 de Rialachán (AE) 2021/696; agus

(b) d'ainmnigh siad údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 68(4) de Rialachán 2021/696.

5. Déanfaidh Údarás Inniúil um Nascacht Shlán dá dtagraítear i mír 4 na nithe seo a leanas a áirithiú:

(a) go mbeidh úsáid na seirbhísí i gcomhréir leis na ceanglais slándála is infheidhme;

(b) go gcinnfear agus go mbainisteofar na cearta rochtana ar na seirbhísí rialtais;

(c) go ndéanfar an trealamh úsáideoirí is gá chun na seirbhísí rialtais a úsáid, agus na naisc cumarsáide leictreonaí agus an fhaisnéis a ghabhann leis, a úsáid agus a bhainistiú i gcomhréir leis na ceanglais slándála is infheidhme;

(d) go mbunófar pointe teagmhála lárnach chun cúnamh a thabhairt de réir mar is gá i leith tuairisciú rioscaí agus bagairtí slándála, go háirithe trasnaíocht leictreamaighnéadach dhíobhálach a bhrath a dhéanfadh difear do na seirbhísí faoin gClár.

*Airteagal 10*

**Úsáideoirí na seirbhísí rialtais**

1. Féadfar na heintitis seo a leanas a údarú mar úsáideoirí na seirbhísí rialtais:

(a) údarás poiblí de chuid an Aontais nó de chuid Ballstáit nó comhlacht a bhfuil sé de chúram air an t-údarás poiblí sin a fheidhmiú;

(b) duine nádúrtha nó dlítheanach ag gníomhú thar ceann nó faoi rialú eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo.

2. Beidh úsáideoirí na seirbhísí rialtais dá dtagraítear i mír 1 cuí-údaraithe ag na rannpháirtí sa Chlár dá dtagraítear in Airteagal 9 chun na seirbhísí rialtais a úsáid agus comhlíonfaidh siad na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 27(2).

# Caibidil III

# Ranníocaíocht bhuiséadach agus sásraí buiséadacha

*Airteagal 11*

**Buiséad**

1. Is é EUR 1 600 billiún i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027 agus chun na rioscaí gaolmhara a chumhdach.

Is é seo a leanas a bheidh i ndáileadh táscach an mhéid as CAI 2021-27:

– EUR 950 milliún ó Cheannteideal 1;

– EUR 500 milliún ó Cheannteideal 5;

– EUR 150 milliún ó Cheannteideal 6.

2. Comhlánófar an Clár le cistiú arna chur chun feidhme faoin gClár Fís Eorpach, faoi Chlár Spáis an Aontais agus faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) le haghaidh uasmhéid táscach EUR 0,430 billiún, EUR 0,220 billiún agus EUR 0,150 billiún faoi seach. Cuirfear an cistiú sin chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2021/695, Rialachán (AE) Uimh. 2021/696 agus Rialachán (AE) Uimh. 2021/947 faoi seach.

3. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid chun cumhdach a thabhairt ar na gníomhaíochtaí uile a theastaíonn chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 a chomhlíonadh. Féadfaidh caiteachas den sórt sin an méid seo a leanas a chumhdach freisin:

(a) staidéir agus cruinnithe saineolaithe, go háirithe comhlíonadh a srianta costais agus ama;

(b) gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí beartais an Aontais i gcás ina mbeidh baint dhíreach acu le cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe d’fhonn sineirgí a chruthú le beartais eile de chuid an Aontais;

(c) na líonraí teicneolaíochta faisnéise arb é is feidhm leo faisnéis a phróiseáil nó a mhalartú, agus na bearta bainistíochta riaracháin, lena n-áirítear i réimse na slándála, a chuireann an Coimisiún chun feidhme;

(d) cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha.

4. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí a mhairfidh níos faide ná bliain airgeadais amháin a mhiondealú ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

*Airteagal 12*

**Cistiú carnach agus cistiú malartach**

Gníomhaíocht ar tugadh ranníocaíocht di ó chlár eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear cistí faoi bhainistíocht roinnte, féadfar ranníocaíocht a thabhairt di freisin faoin gClár, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna leis na ranníocaíochtaí. Beidh feidhm ag rialacha chlár ábhartha an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach leis an ngníomhaíocht. Ní bheidh an cistiú carnach níos airde ná na costais incháilithe iomlána a bhaineann leis an ngníomhaíocht. Féadfar an tacaíocht ó na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

*Airteagal 13*

**Ranníocaíochtaí leis an gClár**

1. Féadfaidh an Clár ranníocaíochtaí airgeadais breise nó ranníocaíochtaí comhchineáil a fháil ó na foinsí seo a leanas:

   (a) gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais;

   (b) na Ballstáit;

   (c) Tríú tíortha atá rannpháirteach sa Chlár;

   (d) an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) nó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile i gcomhréir le comhaontuithe ábhartha.

2. Caithfear leis an ranníocaíocht airgeadais bhreise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus le hioncaim de bhun Airteagal 8(4) mar ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (an 'Rialachán Airgeadais').

*Airteagal 14*

**Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas**

1. Cuirfear an Clár chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais nó faoi bhainistíocht indíreach leis na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais.

2. Is féidir leis an gClár cistiú a sholáthar in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar. Féadfaidh sé maoiniú a sholáthar freisin i bhfoirm ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha.

# Caibidil IV

# An Clár a chur chun feidhme

*Airteagal 15*

**Samhail cur chun feidhme**

1. Cuirfear chun feidhme na gníomhaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán seo trí chonarthaí arna ndámhachtain i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus le prionsabail an tsoláthair faoi Airteagal 17 den Rialachán seo.

2. Déanfar na róil, freagrachtaí, scéim airgeadais agus leithdháileadh na rioscaí idir an tAontas agus an conraitheoir a leagan amach i gconarthaí a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm conartha lamháltais, conartha soláthairtí, seirbhísí nó oibreacha nó conartha mheasctha, agus an córas úinéireachta faoi Airteagal 16 agus cistiú an Chláir faoi Caibidil III á gcur san áireamh.

3. Soláthrófar conarthaí dá dtagraítear san Airteagal seo faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach agus féadfaidh siad a bheith i bhfoirm soláthair idir-institiúidigh dá dtagraítear in Airteagal 165(1) den Rialachán Airgeadais, idir an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht, ina nglacfaidh an Coimisiún ról an phríomhúdaráis chonarthaigh.

4. Má bhíonn an nós imeachta soláthair dá dtagraítear i mír 2 i bhfoirm conartha lamháltais agus i gcás ina mainnítear conradh lamháltais a thabhairt i gcrích mar thoradh ar nós imeachta sin, déanfaidh an Coimisiún an soláthar a athstruchtúrú agus cuirfidh sé chun feidhme conradh soláthair, seirbhísí nó oibreacha, de réir mar is iomchuí, chun cur chun feidhme optamach an Chláir a bhaint amach.

5. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh nósanna imeachta soláthair le haghaidh na gconarthaí dá dtagraítear san Airteagal seo a bheith i bhfoirm soláthar comhpháirteach le Ballstáit, de réir Airteagal 165(2) den Rialachán Airgeadais.

6. Áireofar sna conarthaí dá dtagraítear san Airteagal seo coimircí leormhaithe chun go seachnófar aon róchúiteamh don chonraitheoir, saobhadh iomaíochta, aon choinbhleacht leasa, idirdhealú míchuí agus aon bhuntáistí indíreacha folaithe eile. I gcomhréir le hAirteagal 7(4), beidh forálacha iontu maidir le próiseas measúnaithe agus formheasa seirbhísí tráchtála a sholáthraíonn an conraitheoir chun a áirithiú go gcaomhnaítear leas bunriachtanach an Aontais agus cuspóirí an Chláir.

7. Sna conarthaí dá dtagraítear san Airteagal seo beidh forálacha maidir le scéim a bhunú chun fritháireamh a dhéanamh ar na hastaíochtaí $CO_2$ arna nginiúint trí lainseálacha an bhonneagair dá dtagraítear in Airteagal 5.

*Airteagal 16*

**Úinéireacht agus úsáid sócmhainní**

1. Beidh an tAontas ina úinéir ar na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe uile a leagtar síos in Airteagal 5 agus ar cuid iad den bhonneagar rialtais. Chuige sin, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh forálacha lena n-áirithítear úinéireacht an Aontais ar na sócmhainní sin sna conarthaí, comhaontuithe agus socruithe eile a bhaineann le gníomhaíochtaí a bhféadfaí sócmhainní den sórt sin a chruthú nó a fhorbairt dá mbarr.

   Go háirithe, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na cearta seo a leanas ag an Aontas:

   (a) an ceart chun úsáid a bhaint as na minicíochtaí is gá chun comharthaí arna nginiúint ag an gClár a tharchur, i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme, rialacháin agus comhaontuithe ceadúnaithe ábhartha agus leis na comhduithe a sholáthraíonn na Ballstáit agus a fhanann ina maoin dá gcuid;

   (b) an ceart chun tosaíocht a thabhairt do sholáthar na seirbhísí rialtais ar sholáthar na seirbhísí tráchtála, de réir téarmaí agus coinníollacha atá le bunú sna conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 15 agus úsáideoirí na seirbhísí rialtais dá dtagraítear in Airteagal 10(1) á gcur san áireamh.

2. De mhaolú ar mhír 1,féachfaidh an Coimisiún le conarthaí, comhaontuithe nó socruithe eile a thabhairt i gcrích le tríú páirtithe maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) cearta úinéireachta atá ann cheana i leith sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe ar cuid iad de bhonneagar an Chláir;

   (b) na cearta úinéireachta nó ceadúnais a fháil i dtaca leis na sócmhainní eile inláimhsithe agus doláimhsithe is gá chun an Clár a chur chun feidhme.

3. Nuair is cearta maoine intleachtúla iad na sócmhainní dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, bainisteoidh an Coimisiún na cearta sin ar an mbealach is éifeachtaí is féidir, agus aird á tabhairt ar an méid seo a leanas:

   (a) an gá leis na sócmhainní sin a chosaint agus le luach a thabhairt dóibh;

(b) leasanna dlisteanacha na ngeallsealbhóirí uile lena mbaineann;

(c) an gá atá le margaí iomaíocha agus dea-fheidhmiúla a áirithiú agus le teicneolaíochtaí nua a fhorbairt;

(d) an gá le leanúnachas na seirbhísí arna soláthar ag an gClár.

4. Áiritheoidh an Coimisiún, go háirithe, go n-áireofar sna conarthaí, comhaontuithe agus socruithe ábhartha eile go bhféadfar na cearta maoine intleachtúla sin a aistriú chuig tríú páirtithe nó ceadúnais tríú páirtithe a dheonú lena n-aghaidh, lena n-áirítear do chruthaitheoir na maoine intleachtúla, agus gur féidir leis na tríú páirtithe sin tairbhiú de na cearta sin gan srian i gcás inar gá chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a dhéanamh.

*Airteagal 17*

**Prionsabail an tsoláthair**

1. Déanfar soláthar faoin gClár i gcomhréir leis na rialacha maidir le soláthar a leagtar síos leis an Rialachán Airgeadais.

2. I nósanna imeachta soláthair chun críoch an Chláir, lena gcomhlánaítear na prionsabail a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, gníomhóidh an t-údarás conarthach i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(a) an rannpháirtíocht is mó agus is oscailte is féidir i measc oibreoirí eacnamaíocha a chur chun cinn i ngach Ballstát ar fud an Aontais agus feadh an tslabhra soláthair, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta, iontrálaithe nua agus FBManna, lena n-áirítear i gcás ina ndéanann tairgeoirí fochonraitheoireacht;

(b) iomaíocht éifeachtach a áirithiú sa phróiseas tairisceana, agus cuspóirí an neamhspleáchais theicneolaíoch agus leanúnachas na seirbhísí á gcur san áireamh;

(c) prionsabail na rochtana agus na hiomaíochta oscailte a leanúint, trí thairiscintí ar bhonn faisnéis thrédhearcach thráthúil a sholáthar, na rialacha agus na nósanna imeachta soláthair phoiblí is infheidhme, na critéir roghnúcháin agus dhámhachtana agus aon fhaisnéis ábhartha eile lena dtugtar cothrom na Féinne do gach tairgeoir féideartha a chur in iúl go soiléir;

(d) slándáil agus leas poiblí an Aontais agus a Bhallstát a chosaint, lena n-áirítear trí uathriail an Aontais a threisiú, go háirithe ó thaobh na teicneolaíochta de;

(e) ceanglais slándála chroíbhonneagair an Chláir a chomhlíonadh agus rannchuidiú le cosaint leasanna slándála bunriachtanacha an Aontais agus a Bhallstát;

(f) de mhaolú ar Airteagal 167 den Rialachán Airgeadais, foinsí iomadúla soláthair a úsáid, i ngach cás inarb iomchuí, chun rialú foriomlán níos fearr a áirithiú ar chomhpháirteanna uile an Chláir, ar a gcostas agus ar a sceideal;

(g) leanúnachas agus iontaofacht seirbhíse a chur chun cinn;

(h) critéir chomhshaoil a chomhlíonadh;

(i) chun a áirithiú go ndéantar cur chun cinn éifeachtach ar chomhdheiseanna do chách, agus príomhshruthú inscne a chur chun feidhme, agus an ghné inscne a chur chun feidhme, agus beidh sé d'aidhm aige aghaidh a thabhairt ar

chúiseanna na míchothromaíochta inscne. Tabharfar aird ar leith ar an gcothromaíocht inscne ar phainéil mheastóireachta a áirithiú.

*Airteagal 18*

**Fochonraitheoireacht**

1. Chun iontrálaithe nua, FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta agus rannpháirtíocht trasteorann uathu a spreagadh, agus chun an cumhdach geografach is leithne is féidir a chur ar fáil, agus uathriail an Aontais á cosaint ag an am céanna, iarrfaidh an t-údarás conarthach ar an tairgeoir cuid den chonradh a ligean ar fochonradh, trí thairiscintí iomaíocha ar na leibhéil iomchuí fochonraitheoireachta, do chuideachtaí seachas na cuideachtaí sin atá cleamhnaithe le grúpa an tairgeora.

2. Tabharfaidh an tairgeoir údar le haon mhaolú ar iarraidh a dhéantar faoi mhír 1.

*Airteagal 19*

**Coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta chun slándáil, sláine agus athléimneacht chórais oibríochtúla an Aontais a chaomhnú**

Beidh feidhm ag coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta maidir leis na nósanna imeachta dámhachtana a dhéantar le linn an Clár a chur chun feidhme, i gcás inar gá agus inar iomchuí, chun slándáil, sláine agus athléimneacht chórais oibríochtúla an Aontais a chaomhnú mar a leagtar amach faoi Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/696, agus aird á tabhairt ar an gcuspóir chun uathriail straitéiseach an Aontais a chur chun cinn, go háirithe ó thaobh na teicneolaíochta de, thar phríomhtheicneolaíochtaí agus slabhraí luacha, agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna.

*Airteagal 20*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach sa Chlár trí bhíthin cinneadh arna ghlacadh de bhun comhaontú idirnáisiúnta nó ar bhonn aon ionstraim dlí eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF, d’Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus don Chúirt Iniúchóirí chun a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú go cuimsitheach. I gcás OLAF, áiritheofar sna cearta sin an ceart imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

# Caibidil V

# Rialachas an Chláir

*Airteagal 21*

**Prionsabail an rialachais**

Beidh rialachas an Chláir bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(a) Dáileadh soiléir na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí ar na heintitis atá bainteach leis an Clár a chur chun feidhme

(b) ábharthacht an struchtúir rialachais maidir le riachtanais shonracha an Chláir, de réir mar is iomchuí;

(c) rialú láidir ar an gClár, lena n-áirítear go gcloíonn gach eintiteas go docht le costas, sceideal agus feidhmíocht, ina róil agus cúraimí faoi seach i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(d) bainistiú trédhearcach agus costéifeachtúil;

(e) leanúnachas seirbhíse agus leanúnachas an bhonneagair is gá, lena n-áirítear cosaint ar bhagairtí ábhartha;

(f) riachtanais úsáideoirí na sonraí, na faisnéise agus na seirbhísí arna soláthar ag an gClár a chur san áireamh ar bhonn córasach agus struchtúrtha, mar aon le héabhlóid ghaolmhar eolaíochta agus teicneolaíochta;

(g) iarrachtaí leanúnacha maidir le rioscaí a rialú agus a mhaolú.

*Airteagal 22*

**Ról na mBallstát**

1. Rannchuideoidh Ballstáit lena n-inniúlacht theicniúil, a bhfios gnó agus a gcúnamh, go háirithe i réimse na sábháilteachta agus na slándála, nó, i gcás inarb iomchuí agus indéanta, trí bhíthin na sonraí, an fhaisnéis, na seirbhísí agus an bonneagar atá ina seilbh acu nó suite ina gcríoch a chur ar fáil don Aontas.

2. I gcás inarb ábhartha, áiritheoidh na Ballstáit comhleanúnachas agus comhlántacht idir a gcuid pleananna téarnaimh agus athléimneachta faoi Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44] agus an Clár.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun feidhmiú rianúil an Chláir a áirithiú, lena n-áirítear trí chuidiú, ar an leibhéal iomchuí, leis na minicíochtaí is gá don Chlár a áirithiú agus a chosaint.

4. Féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún oibriú i gcomhar le chéile chun glacadh na seirbhísí arna soláthar ag an gClár a leathnú.

5. I réimse na slándála, déanfaidh na Ballstáit na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/696.

6. Soláthróidh na Ballstáit a gcuid riachtanas oibríochtúil le haghaidh na seirbhísí rialtais.

*Airteagal 23*

**Ról an Choimisiúin**

1. Beidh an Coimisiún freagrach go foriomlán as an gClár a chur chun feidhme, lena n-áirítear i réimse na slándála, gan dochar do shainchumais na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta. Cinnfidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an Rialachán seo, tosaíochtaí agus éabhlóid an Chláir, i gcomhréir leis na riachtanais úsáideoirí, agus déanfaidh sé maoirseacht ar chur chun feidhme an Chláir, gan dochar do bheartais eile de chuid an Aontais.

---

[44] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

2. Áiritheoidh an Coimisiún leithroinnt shoiléir na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí idir na heintitis éagsúla a bhfuil baint acu leis an gClár agus déanfaidh sé comhordú ar ghníomhaíochtaí na n-eintiteas sin. Áiritheoidh an Coimisiún freisin, maidir leis na heintitis uile ar cuireadh cúram orthu agus a bhfuil baint acu leis an gClár, go gcosnóidh siad leasanna an Aontais, go ráthóidh siad bainistiú fónta chistí an Aontais agus go gcomhlíonfaidh siad an Rialachán Airgeadais agus an Rialachán seo.

3. Déanfaidh an Coimisiún na conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 15 a sholáthar, a dhámhachtain agus a shíniú, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

4. Féadfaidh an Coimisiún cúraimí a bhaineann leis an gClár a chur ar an nGníomhaireacht agus ar GES faoi bhainistíocht indíreach, i gcomhréir lena róil agus freagrachtaí faoi seach mar a leagtar amach faoi Airteagail 24 agus 25. Chun baint amach na gcuspóirí faoi Airteagal 3 a éascú agus chun an comhar is éifeachtúla idir na trí eintiteas a chur chun cinn, féadfaidh an Coimisiún comhaontuithe ranníocaíochta a bhunú le gach eintiteas.

5. Gan dochar do chúraimí an chonraitheora dá dtagraítear in Airteagal 15(2), don Ghníomhaireacht ná d'eintitis eile ar cuireadh cúram orthu, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar glacadh agus úsáid na seirbhísí arna soláthar ag an gClár a chur chun cinn agus a uasmhéadú. Áiritheoidh sé comhlántacht, comhsheasmhacht, sineirgí agus naisc idir an Clár agus gníomhaíochtaí agus cláir eile de chuid an Aontais.

6. I gcás inarb iomchuí, áiritheoidh an Coimisiún comhleanúnachas na ngníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhthéacs an Chláir le gníomhaíochtaí a dhéantar i réimse an spáis ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta. Spreagfaidh sé comhar idir na Ballstáit agus, i gcás inarb ábhartha don Chlár, éascóidh sé cóineasú a n-acmhainneachtaí agus a bhforbairtí teicneolaíochta i réimse an spáis.

7. Cuirfidh an Coimisiún coiste an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 42(1) ar an eolas maidir le torthaí eatramhacha agus torthaí deiridh na meastóireachta ar aon nós imeachta soláthair agus ar aon chonradh, lena n-áirítear fochonarthaí, le heintitis phoiblí agus phríobháideacha.

*Airteagal 24*

**Ról na Gníomhaireachta**

1. Beidh sé de chúram dílis ar an nGníomhaireacht, trína Bhord um Chreidiúnú Slándála, creidiúnú slándála an bhonneagair rialtais agus na seirbhísí rialtais a áirithiú i gcomhréir le Caibidil II de Theideal V de Rialachán (AE) 2021/696.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin comhaontú ranníocaíochta amháin nó níos mó, na cúraimí seo a leanas a chur ar an nGníomhaireacht:

   (a) oibriú bhonneagar rialtais an Chláir;

   (b) slándáil oibríochtúil an bhonneagair rialtais, lena n-áirítear anailís ar rioscaí agus bagairtí, faireachán slándála, go háirithe na sonraíochtaí teicniúla agus na nósanna imeachta oibríochtúla a leagan síos, agus faireachán ar chomhlíonadh na nithe sin leis na ceanglais ghinearálta slándála dá dtagraítear in Airteagal 27(2).

   (c) seirbhísí rialtais a sholáthar;

(d) conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 15 a bhainistiú, tar éis iad a dhámhachtain agus a shíniú;

(e) comhordú uileghabhálach ar ghnéithe de na seirbhísí rialtais a bhaineann leis an úsáideoir i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, le SEGS agus le heintitis;

(f) gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le glacadh seirbhísí ag úsáideoirí, ar seirbhísí iad a chuireann an Clár ar fáil gan difear a dhéanamh do na gníomhaíochtaí a dhéanann an conraitheoir dá dtagraítear in Airteagal 15(2) faoi chonarthaí dá dtagraítear in Airteagal 15.

3. De mhaolú ar Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais agus faoi réir an mheasúnaithe ón gCoimisiún ar chosaint leasanna an Aontais, féadfaidh an Ghníomhaireacht, trí bhíthin comhaontuithe ranníocaíochta, gníomhaíochtaí sonracha a chur de chúram ar eintitis eile, i réimsí a n-inniúlachtaí faoi seach, faoi choinníollacha na bainistíochta indírí a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCoimisiún.

4. I gcás ina gcuirtear gníomhaíochtaí de chúram ar an nGníomhaireacht, áiritheofar acmhainní iomchuí airgeadais, daonna agus riaracháin chun iad a chur chun feidhme. Chun na críche sin, féadfaidh an Coimisiún cuid den bhuiséad le haghaidh gníomhaíochtaí a chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht a leithdháileadh ar mhaoiniú na n-acmhainní daonna is gá le haghaidh na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme.

*Airteagal 25*

**Ról GES**

1. Ar choinníoll go gcosnaítear leas an Aontais, féadfar, laistigh dá réimse saineolais, na cúraimí seo a leanas a chur ar GES:

(a) maoirseacht ar na gníomhaíochtaí forbartha agus bailíochtaithe dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a), agus a dtugtar fúthu laistigh den chreat conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 15, lena n-áirithítear comhordú idir na cúraimí agus an buiséad a chuirtear de chúram ar GES faoin airteagal seo agus acmhainní dílse féideartha GES arna gcur ar fáil don Chlár nó don chonraitheoir dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de réir téarmaí agus coinníollacha atá le comhaontú sna comhaontuithe ranníocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 23(4);

(b) saineolas teicniúil a sholáthar don Choimisiún; lena n-áirítear chun na gnéithe teicniúla den Chlár a ullmhú;

(c) an tacaíocht leis an meastóireacht ar chonarthaí faoi Airteagal 15.

2. Ar bhonn measúnú ón gCoimisiún, féadfar cúraimí eile a chur ar GES bunaithe ar riachtanais an Chláir, go háirithe cúraimí a bhaineann le cuid an spáis agus an chuid ghaolmhar ar talamh de Bhonneagar Cumarsáide Candamaí na hEorpa, ar choinníoll nach ndéanfar dúbláil leis na cúraimí sin ar ghníomhaíochtaí a dhéanann eintiteas eile i gcomhthéacs an Chláir agus ar choinníoll gurb é is aidhm leo feabhas a chur ar a éifeachtúla atá cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Chláir.

# Caibidil VI

# Slándáil an Chláir

*Airteagal 26*

**Prionsabail ghinearálta na slándála**

Beidh feidhm ag Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2021/696 maidir leis an gClár seo.

*Airteagal 27*

**Rialachas slándála**

1. Áiritheoidh an Coimisiún, ina réimse inniúlachta agus le tacaíocht ón nGníomhaireacht, leibhéal ard slándála maidir leis an méid seo a leanas, go háirithe:
   (a) bonneagar, idir bhonneagar ar talamh agus bhonneagar sa spás, a chosaint, agus seirbhísí a sholáthar, go háirithe i gcoinne ionsaithe fisiciúla nó cibirionsaithe, lena n-áirítear cur as do shreafaí sonraí;
   (b) aistrithe teicneolaíochta a rialú agus a bhainistiú;
   (c) na hinniúlachtaí agus an fios gnó a fuarthas a fhorbairt agus a chaomhnú laistigh den Aontas;
   (d) faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe agus faisnéis rúnaicmithe a chosaint.
2. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar anailís ar rioscaí agus bagairtí i gcás an bhonneagair rialtais dá dtagraítear in Airteagal 5(2). Bunaithe ar an anailís sin cinnfidh sé, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na ceanglais slándála ghinearálta. Agus sin á dhéanamh aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh tionchar na gceanglas sin ar fheidhmiú rianúil an bhonneagair rialtais, go háirithe ó thaobh costais, bainistiú riosca agus sceidil, agus áiritheoidh sé nach laghdófar leibhéal ginearálta na slándála, nach mbainfear an bonn d'fheidhmiú an trealaimh agus go gcuirfear na rioscaí cibearshlándála san áireamh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2).
3. Beidh feidhm ag Airteagal 34(3) go (7) de Rialachán (AE) 2021/696 maidir leis an gClár seo. Chun críocha an Rialacháin seo, léifear an téarma 'comhpháirt' in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2021/696 mar 'bonneagar rialtais' agus forléireofar na tagairtí uile d'Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2021/696 mar thagairtí do mhír 2 den Airteagal seo.

*Airteagal 28*

**Slándáil an chórais agus na seirbhísí a imscartar**

Aon uair a d'fhéadfaí difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais nó a Bhallstát mar gheall ar oibriú an chórais nó mar gheall ar sholáthar na seirbhísí rialtais, beidh feidhm ag Cinneadh (CBES) XXX.

*Airteagal 29*

**An tÚdarás um Chreidiúnú Slándála**

An Bord um Chreidiúnú Slándála arna bhunú laistigh den Ghníomhaireacht faoi Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) 2021/696, beidh sé ina údarás creidiúnaithe slándála le haghaidh bhonneagar rialtais an Chláir.

*Airteagal 30*

**Prionsabail ghinearálta an chreidiúnaithe slándála**

Déanfar gníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála a bhaineann leis an gClár i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 37, pointí (a) go (j), de Rialachán (AE) 2021/696. Chun críocha an Rialacháin seo, léifear an téarma 'comhpháirt' in Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2021/696 mar 'bonneagar rialtais' agus forléireofar na tagairtí uile d'Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2021/696 mar thagairtí d'Airteagal 27(2) den Rialachán seo.

*Airteagal 31*

**Cúraimí agus comhdhéanamh an Bhoird um Chreidiúnú Slándála**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 38, seachas pointí (c) go (f) de mhír 2 agus pointe (b) de mhír 3, agus ag Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2021/696 maidir leis an gClár seo.
2. De bhreis ar mhír 1 agus ar bhonn eisceachtúil, féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe an chonraitheora dá dtagraítear in Airteagal 15(2) den Rialachán seo chun freastal ar chruinnithe den Bhord um Chreidiúnú Slándála mar bhreathnóirí i gcás ábhair a bhaineann go díreach leis an gconraitheoir sin.

*Airteagal 32*

**Rialacha vótála an Bhoird um Chreidiúnú Slándála**

Beidh feidhm ag Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2021/696 maidir le rialacha vótála an Bhoird um Chreidiúnú Slándála.

*Airteagal 33*

**Cinntí an Bhoird um Chreidiúnú Slándála a chur in iúl agus tionchar na gcinntí sin**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 41(1) go (4) de Rialachán (AE) 2021/696 maidir le cinntí an Bhoird um Chreidiúnú Slándála. Chun críocha an Rialacháin seo, léifear an téarma 'comhpháirt' in Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2021/696 mar 'bonneagar rialtais'.
2. Ní chuirfidh an t-amchlár le haghaidh obair an Bhoird um Chreidiúnú Slándála isteach ar amchlár na ngníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 37(1).

*Airteagal 34*

**Ról na mBallstát i gcreidiúnú slándála**

Beidh feidhm ag Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/696 maidir leis an gClár seo.

*Airteagal 35*

**Faisnéis rúnaicmithe a chosaint**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2021/696 maidir le faisnéis rúnaicmithe a bhaineann leis an gClár seo.

2. Maidir le faisnéis rúnaicmithe arna giniúint ag GES i ndáil leis na cúraimí arna gcur de chúram faoi Airteagal 25(1) agus (2), measfar gur Faisnéis Rúnaicmithe AE í, i gcomhréir le Cinneadh (EA, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún[45] agus Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle [46], a cruthaíodh faoi údarás an Choimisiúin.

# CAIBIDIL VII

# Caidreamh idirnáisiúnta

*Airteagal 36*

**Rannpháirtíocht tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Chlár**

1. I gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú sonrach arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE lena gcumhdaítear rannpháirtíocht tríú tíortha in aon chlár de chuid an Aontais, beidh an Clár oscailte do rannpháirtíocht na gcomhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) atá ina gcomhaltaí den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), chomh maith leis na tríú tíortha seo a leanas:

   (a) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna creat-chomhaontuithe comhfhreagracha agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach, nó i gcomhaontuithe comhchosúla, agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos sna comhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

   (b) tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna creat-chomhaontuithe agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach, nó i gcomhaontuithe comhchosúla, agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

   (c) tríú tíortha, seachas na tríú tíortha sin a chumhdaítear le pointí (a) agus (b).

2. Beidh an Clár oscailte do rannpháirtíocht eagraíochtaí idirnáisiúnta, i gcomhréir le comhaontuithe arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE.

3. Maidir leis an gcomhaontú sonrach dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2:

   (a) áiritheoidh sé cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus tairbhí an tríú tír nó na heagraíochta idirnáisiúnta atá rannpháirteach i gcláir an Aontais;

---

45 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le rialacha slándála i dtaca le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

46 Cinneadh ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

(b) coinníollacha a leagan síos maidir le rannpháirtíocht sna cláir, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair, agus costais riaracháin na gclár;

(c) ní thabharfaidh sé aon chumhacht chinnteoireachta i ndáil le clár an Aontais don tríú tír ná don eagraíocht idirnáisiúnta;

(d) ráthófar cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint;

(e) beidh sé gan dochar do na hoibleagáidí a eascraíonn as comhaontuithe atá ann cheana arna ndéanamh ag an Aontas, go háirithe faoi threoir an chearta chun minicíochtaí a úsáid.

4. Gan dochar do na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 1, 2 agus 3, agus ar mhaithe leis an tslándáil, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais bhreise a leagan síos maidir le rannpháirtíocht tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Chlár, a mhéid is comhoiriúnach leis na comhaontuithe atá ann cheana dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2).

*Airteagal 37*

**Rochtain ar sheirbhísí rialtais ag tríú tíortha agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta**

Ní fhéadfaidh tríú tíortha ná eagraíochtaí idirnáisiúnta rochtain a bheith acu ar sheirbhísí rialtais ach amháin ar choinníoll:

(a) go ndéanfaidh siad comhaontú a thabhairt i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE, lena leagtar síos na téarmaí agus coinníollacha chun rochtain a fháil ar sheirbhísí rialtais;

(b) go gcomhlíonfaidh siad Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2021/696.

Chun críocha an Rialacháin seo, forléireofar tagairtí do ‘an Clár’ in Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2021/696 mar thagairtí do ‘an Clár’ arna bhunú leis an Rialachán seo.

# CAIBIDIL VIII

# Clársceidealú, faireachán, meastóireacht agus rialú

*Airteagal 38*

**Clársceidealú, faireachán agus tuairisciú**

1. Is leis an gclár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais a chuirfear an Clár chun feidhme. Leagfar amach sa chlár oibre na gníomhaíochtaí agus an buiséad gaolmhar is gá chun cuspóirí an Chláir a chomhlíonadh agus, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha. Comhlánófar leis an gclár oibre an clár oibre le haghaidh chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 100 de Rialachán (AE) 2021/696.

Glacfaidh an Coimisiún an clár oibre trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2).

2. Leagtar amach san Iarscríbhinn na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an Chláir maidir le baint amach na gcuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar síos in Airteagal 3.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 43, chun an Iarscríbhinn a leasú maidir leis na táscairí i gcás ina measfar gur gá sin, agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.

4. Más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 44 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

5. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta, áiritheofar go ndéanfar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus torthaí an Chláir a bhailiú ar bhealach atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil.

Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí de chuid an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, ar Bhallstáit.

6. Chun críocha mhír 2, soláthróidh faighteoirí cistí de chuid an Aontais faisnéis iomchuí. Is ar bhealach atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil a bhaileofar na sonraí is gá chun an fheidhmíocht a fhíorú.

*Airteagal 39*

**Meastóireacht**

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireachtaí ar an gClár go tráthúil sa chaoi go bhféadfar iad a úsáid sa phróiseas cinnteoireachta.

2. Faoin [DÁTA ATÁ 3 BLIANA TAR ÉIS AN TEACHT I BHFEIDHM], agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme an Chláir. Déanfar measúnú ar na nithe seo a leanas léi:

(a) feidhmíocht na seirbhísí a sholáthraítear faoin gClár;

(b) éabhlóid riachtanais úsáideoirí an Chláir.

Más iomchuí, beidh togra iomchuí ag gabháil leis an meastóireacht.

3. Leis an meastóireacht ar an gClár cuirfear san áireamh torthaí na meastóireachta ar chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais, arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 102 de Rialachán (AE) 2021/696.

4. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí chomh maith lena bharúlacha féin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.

5. Déanfaidh na heintitis atá páirteach i gcur chun feidhme an Rialacháin seo na sonraí agus an fhaisnéis is gá a sholáthar don Choimisiún chun gur féidir an mheastóireacht dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh.

6. Dhá bhliain tar éis an cumas iomlán oibríochtúil a bhaint amach, agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, eiseoidh an Ghníomhaireacht tuarascáil mhargaidh, i

gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha, maidir le tionchar an Chláir ar thionscal satailítí tráchtala an Aontais d'fhonn an tionchar is lú is féidir a áirithiú ar iomaíochas agus d'fhonn a áirithiú go gcoinneofar na dreasachtaí chun nuálaíocht a dhéanamh.

*Airteagal 40*

**Iniúchtaí**

Iniúchtaí ar úsáid ranníocaíocht an Aontais arna ndéanamh ag daoine nó ag eintitis, lena n-áirítear iniúchtaí arna ndéanamh ag daoine nó ag eintitis seachas iad sin ar thug institiúidí nó comhlachtaí an Aontais sainordú dóibh, beidh siad mar bhonn don chinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal 127 den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 41*

**Sonraí pearsanta agus príobháideachas a chosaint**

Déanfar na sonraí pearsanta uile a láimhseálfar i gcomhthéacs na gcúraimí agus na ngníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo, lena náirítear sonraí a láimhseálfaidh an Ghníomhaireacht, a phróiseáil i gcomhréir leis an dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] agus Treoir (AE) 2018/1725/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48].

# CAIBIDIL IX

# Tarmligean agus bearta cur chun feidhme

*Airteagal 42*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste an Chláir, a bunaíodh le hAirteagal 107 de Rialachán (AE) 2021/696, cúnamh don Choimisiún i gcumraíocht GOVSATCOM. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

   Chun gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 5(3) agus Airteagal 27(2) den Rialachán seo a ghlacadh, tiocfaidh an coiste dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo le chéile sa chumraíocht slándála a sainmhínítear in Airteagal 107(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/696.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

47 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

48 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

3. I gcás nach dtugann coiste an Chláir aon tuairim maidir leis an dréachtghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 27(2) den Rialachán seo, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4),an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 43*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 38 a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2028.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 38 a chúlghairm tráth ar bith. Má dhéantar cinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 38 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 44*

**Nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 43(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

# Caibidil X

## Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha

*Airteagal 45*

**Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht**

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe ón Aontas, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár, leis na gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun an Chláir agus leis na torthaí a baineadh amach.

3. Beidh na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an gClár ina rannchuidiú freisin chun cumarsáid chorparáideach a dhéanamh i ndáil le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann na tosaíochtaí sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3.

*Airteagal 46*

**Leanúnachas seirbhísí tar éis 2027**

Más gá, féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2027 chun go gcumhdófar na costais is gá chun na cuspóirí dá bhforáiltear in Airteagal 3 a chomhlíonadh, ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoi dheireadh an Chláir a bhainistiú, mar aon le costais lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí oibríochtúla criticiúla agus soláthar seirbhísí.

*Airteagal 47*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán.

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Beartas spáis an Aontais

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☑ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[49]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☑ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóir/cuspóirí ginearálta*

Is é cuspóir ginearálta an Chláir seo córas nascachta spásbhunaithe a bhunú atá slán agus uathrialach chun seirbhísí cumarsáide satailíte ráthaithe agus athléimneacha a sholáthar, go háirithe:

(a) chun a áirithiú go mbeidh fáil fhadtéarmach gan bhriseadh ar fud an domhain ag úsáideoirí rialtais ar rochtain ar sheirbhísí cumarsáide satailíte atá slán agus costéifeachtach, a thacaíonn le cosaint bonneagar criticiúil, faireachas, gníomhaíochtaí seachtracha, bainistiú géarchéime agus feidhmeanna atá criticiúil le haghaidh an gheilleagair, an chomhshaoil, na slándála agus na cosanta, agus ar an gcaoi sin athléimneacht na mBallstát a mhéadú, i gcomhréir le hAirteagal 7(1);

(b) chun a cheadú don earnáil phríobháideach seirbhísí tráchtála a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 7(2).

*1.4.2. Cuspóir/Cuspóirí sonracha*

Is iad na cuspóirí sonracha atá ag an gClár:

(a) feabhas a chur ar athléimneacht sheirbhísí cumarsáide an Aontais trí bhonneagar ilfhithiseach nascachta a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú, ar bonneagar é a chuirtear in oiriúint go leanúnach d'éabhlóid an éilimh ar chumarsáidí satailíte, agus ag cur san áireamh sócmhainní na mBallstát atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, ar sócmhainní iad a úsáidtear i gcreat chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/696;

(b) rannchuidiú le cibear-athléimneacht trí chosaint réamhghníomhach agus fhrithghníomhach a dhéanamh in aghaidh cibear-bhagairtí agus bagairtí leictreamaighnéadacha agus rannchuidiú le cibear-shlándáil oibríochtúil, agus cuid an spáis agus an chuid ghaolmhar ar talamh de Bhonneagar Cumarsáide Candamaí

[49] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

na hEorpa a chomhtháthú chun go bhféadfar eochracha cripteagrafacha a tharchur ar bhealach slán;

(c) rannchuidiú le cibear-athléimneacht trí chosaint réamhghníomhach agus fhrithghníomhach a dhéanamh in aghaidh cibear-bhagairtí agus bagairtí leictreamaighnéadacha agus rannchuidiú chun bonneagar spáis Bhonneagar Cumarsáide Candamaí na hEorpa a chomhtháthú chun go bhféadfar eochracha cripteagrafacha a tharchur ar bhealach slán;

(d) cumais agus seirbhísí comhpháirteanna eile de Chlár Spáis an Aontais a fheabhsú agus a leathnú;

(e) forbairt teicneolaíochtaí nuálacha agus suaiteacha a dhreasú, go háirithe trí thionscal an Spáis Nua a ghiaráil; agus

(f) forbairt bhreise a cheadú ar leathanbhanda ardluais agus nascacht gan uaim ar fud an Aontais, lena ndíothaítear limistéir chumarsáide mharbha agus lena méadaítear comhtháthú ar fud chríocha na mBallstát, agus nascacht a cheadú thar limistéir gheografacha lasmuigh den Aontas Eorpach a bhfuil leas straitéiseach ag baint leo.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Ba cheart go mbainfeadh rialtais na mBallstát agus institiúidí an Aontais tairbhe as réitigh chumarsáide satailíte atá athléimneach, domhanda, ráthaithe agus solúbtha agus a chuimseodh a riachtanais athraitheacha.

Bhainfeadh tionscal cumarsáide satailíte an Aontais tairbhe as an tiomantas fadtéarmach agus as creidiúnú slándála ar leibhéal an Aontais. Ós rud é gur custaiméir fadtéarmach é an tAontas Eorpach le haghaidh seirbhísí rialtais, déantar an cás gnó i dtionscal na cumarsáide satailíte a neartú agus an baol a bhaint ionas go mbeidh rochtain níos fearr acu ar mhaoiniú agus, sa deireadh thiar thall, go mbeidh siad níos iomaíche.

Bhainfeadh saoránaigh na hEorpa tairbhe dhíreach agus indíreach as éifeachtacht oibríochtúil fheabhsaithe na ngníomhaithe éagsúla slándála.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Cuspóir sonrach 1: Feabhas a chur ar athléimneacht sheirbhísí cumarsáide an Aontais trí bhonneagar ilfhithiseach nascachta a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú, ar bonneagar é a chuirtear in oiriúint go leanúnach d'éabhlóid an éilimh ar chumarsáidí satailíte, agus ag cur san áireamh sócmhainní na mBallstát atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, ar sócmhainní iad a úsáidtear i gcreat chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais arna bunú le Rialachán (AE) 2021/696;

Táscaire 1: Is féidir le rialtais na mBallstát agus le hinstitiúidí an Aontais rochtain a fháil ar thacar tosaigh seirbhísí rialtais in 2025, ag a mbeidh acmhainneacht iomlán in 2027

Táscaire 2: Infhaighteacht seirbhísí

Táscaire 3: Comhtháthú iomlán na hacmhainneachta atá i gcomhthiomsú an Aontais cheana trí chomhtháthú bhonneagar GOVSATCOM ar talamh

Táscaire 4: Maidir leis na líonraí teileachumarsáide sna Ballstáit, líon bliantúil na móréarthaí seirbhíse iontu arna maolú leis an gcóras um nascacht shlán

Táscaire 5: Aiseolas ó úsáideoirí maidir lena shásta atá siad le feidhmíocht an chórais um nascacht shlán

Cuspóir sonrach 2: Rannchuidiú le cibear-athléimneacht trí chosaint réamhghníomhach agus fhrithghníomhach a dhéanamh in aghaidh cibear-bhagairtí agus bagairtí leictreamaighnéadacha agus rannchuidiú le cibear-shlándáil oibríochtúil, agus cuid an spáis agus an chuid ghaolmhar ar talamh de Bhonneagar Cumarsáide Candamaí na hEorpa a chomhtháthú chun go bhféadfar eochracha cripteagrafacha a tharchur ar bhealach slán;

Táscaire 1: Faigheann an córas creidiúnú slándála lena gceadaítear do na seirbhísí Faisnéis Rúnaicmithe AE (FRAE) suas le leibhéal aicmithe áirithe agus faisnéis rúnaicmithe náisiúnta na mBallstát ar leibhéal coibhéiseach aicmithe a tharchur, de réir na bprionsabal a leagtar amach i gCinneadh (2013/488/AE) ón gComhairle maidir leis na rialacha slándála chun FRAE a chosaint

Táscaire 2: Bonneagar spáis EuroQCI a chomhtháthú bunaithe ar an réiteach teicniúil is oiriúnaí

Cuspóir sonrach 3: Cumais agus seirbhísí comhpháirteanna eile de Chlár Spáis an Aontais a fheabhsú agus a leathnú;

Táscaire 1: Líon na bpálastaí a fhónann do chomhpháirteanna eile de Chlár Spáis an Aontais

Cuspóir sonrach 4: Cur chun feidhme teicneolaíochtaí nuálacha agus suaiteacha a dhreasú, go háirithe trí thionscal an Spáis Nua a ghiaráil.

Táscaire 1: Líon na gcuideachtaí nuathionscanta, FBManna agus lárchaipitlithe atá rannpháirteach i bhforbairt an bhonneagair

Cuspóir sonrach 5: Forbairt bhreise a cheadú ar leathanbhanda ardluais agus nascacht gan uaim ar fud an Aontais, lena ndíothaítear limistéir chumarsáide mharbha agus lena méadaítear comhtháthú ar fud chríocha na mBallstát, agus nascacht a cheadú thar limistéir gheografacha lasmuigh den Aontas Eorpach a bhfuil leas straitéiseach ag baint leo.

Táscaire 1: Luas an leathanbhanda satailíte tráchtála

Táscaire 2: Líon na n-úsáideoirí nua cumarsáide tráchtála satailíte i limistéir thuaithe an Aontais agus i limistéir gheografacha a bhfuil leas straitéiseach ag baint leo

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Ar na tascanna a theastaíonn chun an Clár a chur i bhfeidhm, áirítear iad seo a leanas:

- conradh lamháltais nó conradh measctha a thabhairt i gcrích leis an earnáil tionsclaíochta, arna roghnú i gcomhréir leis an bpróiseas soláthair i dTeideal VII den Rialachán Airgeadais;

- an córas a fhorbairt agus a imscaradh;

- saothrú seirbhísí agus rialtais na mBallstát agus institiúidí an Aontais in ann rochtain a fháil ar thacar tosaigh seirbhísí rialtais in 2025, ag a mbeidh acmhainneacht iomlán in 2027

- comhtháthú le Moil GOVSATCOM in 2025;

- creidiúnú slándála don chóras in 2027 lena gceadófar do na seirbhísí Faisnéis Rúnaicmithe AE (FRAE) suas le leibhéal aicmithe áirithe agus faisnéis rúnaicmithe náisiúnta na mBallstát ar leibhéal coibhéiseach aicmithe a tharchur, de réir na bprionsabal a leagtar amach i gCinneadh (2013/488/AE) ón gComhairle maidir leis na rialacha slándála chun FRAE a chosaint

- An fhoireann atá riachtanach a chur ina háit sa Choimisiún Eorpach chun an clár a bhainistiú agus chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar obair na ngníomhaireachtaí éagsúla, lena náirítear an Ghníomhaireacht go háirithe

- An fhoireann agus an buiséad atá riachtanach a bheith ag an nGníomhaireacht chun na bearta éagsúla a chur i bhfeidhm go cuí, is é sin na bearta a bheidh de chúram ar an nGníomhaireacht i ndáil leis an gclár.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo , is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Leis an gClár, áiritheofar go mbeidh rochtain gan teip ar chumarsáid satailíte shlán. Dá réir sin, rannchuideoidh sé ar dhóigh dhíreach le leas slándála an Aontais Eorpaigh. Sna Ballstáit, mar shampla, beidh sé ina thaca ag na fórsaí cosanta sibhialta agus ag na fórsaí náisiúnta póilíneachta, ag comhlachtaí a bhfuil cúraimí orthu i dtaca leis an tslándáil phoiblí, ag gardaí teorann, agus as pobail na dtionscal muirí. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, éascóidh sé cuid oibre gníomhaireachtaí AE amhail FRONTEX agus EMSA, agus cuirfidh sé le héifeachtúlacht na cosanta sibhialta agus na n-idirghábhálacha i gcúrsaí daonnúla, san Aontas agus ar fud an domhain.

Dá mbunófaí rialachas ar leibhéal an Aontais lena bhféadfar seirbhísí cumarsáide satailíte slána agus ceannródaíocha a ghiaráil do gach gníomhaí slándála náisiúnta agus do ghníomhaithe slándála an Aontais, chuirfí le freagairt níos éifeachtaí agus níos uathrialaithí ón Aontas ar rioscaí agus ar bhagairtí, amhail cibear-ionsaithe agus bagairtí hibrideacha, agus tubaistí nádúrtha go cásanna úsáide athraitheacha na cumarsáide satailíte rialtais sláine, agus riachtanais dhomhanda atá ag dul i méid.

Níl aon chás gnó inmharthana ann d'earnáil spáis phríobháideach an Aontais chun an córas a fhorbairt gan tiomantas rialtais. Cuirfidh an infheistíocht T&T le hiomaíochas tionsclaíoch an Aontais.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

| |
|---|
| Ceachtanna a foghlaimíodh ó bhainistiú thionscnaimh agus chláir spáis an Aontais:<br><br>i) Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP)<br><br>Bhíothas ag smaoineamh ar mhúnla CPP a chur chun feidhme nuair a bunaíodh clár Galileo.<br><br>ii) Rialachas<br><br>Léiríodh leis an leagan amach rialachais do thionscnaimh spáis eile de chuid an Aontais gurb é EUSPA an ceann is oiriúnaí do na cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme na dtionscnamh sin agus go bhfuil GES in ann tacú leis na céimeanna forbartha agus bailíochtaithe. |

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

| |
|---|
| Tá cuspóirí an Chláir cosúil le cuspóirí Chlár eile de chuid an Aontais, amhail Fís Eorpach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an Clár don Eoraip Dhigiteach arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus, go háirithe, Clár Spáis an Aontais arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.<br><br>I ngeall ar na himpleachtaí atá aige ar shlándáil an Aontais agus a mBallstát, tá na cuspóirí agus na prionsabail chéanna ag an gClár is atá ag an gCiste Eorpach Cosanta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa.<br><br>De bharr a chumhdaigh dhomhanda, roinneann an Clár cuspóirí agus prionsabail leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947. |

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

| |
|---|
| Tá maoiniú an tionscnaimh ó bhuiséad an Aontais bunaithe ar ranníocaíocht cistí ó na cláir seo a leanas de chuid an Aontais atá ann cheana, a roinneann cuspóirí comhchosúla leis an tionscnamh seo:<br><br>- Clár Spáis an Aontais<br><br>- An Clár don Eoraip Dhigiteach<br><br>- An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa<br><br>- An Ciste Eorpach Cosanta<br><br>- An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – 'Cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn<br><br>Déantar cuid den mhaoiniú a urrú freisin trí na cistí atá ar fáil laistigh de chorrlaigh Cheannteideal 1 agus Cheannteideal 5 de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.<br><br>Comhlánaítear an Clár freisin leis an gcistiú a chuirtear chun feidhme faoin gClár Fís Eorpach, faoi Chlár Spáis an Aontais agus faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta. |

### 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☑ **tréimhse theoranta**

– ☑ i bhfeidhm ón 01/01/2023 go dtí an 31/12/2027

– ☑ Tionchar airgeadais ó 2023 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2023 go 2030 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

### 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[50]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☑ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☑ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☑ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| Beidh na freagrachtaí seo a leanas ar na gníomhaithe éagsúla sa rialachas: |

[50] Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/GA/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

(i) Beidh an Coimisiún freagracht go foriomlán as an gClár a chur chun feidhme, lena n-áirítear i réimse na slándála, gan dochar do shainchumais na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta.

(ii) Beidh freagracht ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (atá lonnaithe i bPrág) as:

- oibriú bhonneagar rialtais an Chláir;
- slándáil oibríochtúil an bhonneagair rialtais, lena n-áirítear anailís ar rioscaí agus bagairtí, faireachán slándála;
- soláthar seirbhísí rialtais;
- an conradh lamháltais nó measctha a bhainistiú
- comhordú uileghabhálach ar ghnéithe de na seirbhísí rialtais a bhaineann leis an úsáideoir i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, le SEGS agus le heintitis eile;
- tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le glacadh úsáideoirí maidir leis na seirbhísí a thairgtear leis an gClár

(iii) Faoi réir oiriúnuithe ar an bpróiseas cinnteoireachta inmheánach lena gceadaítear leasanna an Aontais a chosaint, chuirfí an méid seo a leanas de chúram ar an nGníomhaireacht Eorpach Spáis:

- na gníomhaíochtaí forbartha agus bailíochtaithe laistigh de chreat na gconarthaí cur chun feidhme;
- soláthar saineolais theicniúil don Choimisiún, lena n-áirítear saineolas chun gnéithe teicniúla an chláir a ullmhú;
- meastóireacht ar na conarthaí cur chun feidhme.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Ba cheart go gclúdódh faireachán an tionscnaimh na gnéithe seo a leanas:

- **Cur chun feidhme:** Imscaradh bonneagair de réir na socruithe conarthacha. Socrófar cuspóirí oibríochtúla do gach céim d'imscaradh bhonneagar an CPP, in éineacht le Príomhtháscairí Feidhmíochta gaolmhara (KPInna) ba cheart a léiriú sna socruithe conarthacha. Saineofar na príomhtháscairí feidhmíochta ar bhonn riachtanais oibríochtúla agus slándála, agus déanfaidh an Coimisiún faireachán orthu. Déanfaidh gníomhartha cur chun feidhme na ceanglais maidir le punann seirbhísí, soláthar seirbhísí rialtais, na ceanglais ghinearálta slándála agus an clár oibre a shainiú tuilleadh.

- **Cur i bhfeidhm:** Feidhmíocht na seirbhísí arna soláthar faoin tionscnamh agus éabhlóid riachtanais úsáideoirí an tionscnaimh. Déantar iad a thomhas go nithiúil trí na táscairí thíos:

  - Cumhdach domhanda
  - Infhaighteacht seirbhísí
  - Aga folaigh
  - An líon úsáideoirí

  Líon na sonraí a úsáidtear (i.e. úsáidtear an córas agus tá méid an na hacmhainneachta i gceart)

Déanfar na táscairí a thomhas gach bliain.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Bheadh an Coimisiún freagrach go foriomlán as an gClár a chur chun feidhme, lena n-áirítear i réimse na slándála, gan dochar do shainchumais na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta.

Chuirfeadh an Coimisiún de chúram ar GES agus ar EUSPA rannchuidiú le cur chun feidhme fónta ó thaobh gníomhaíochtaí forbartha agus bailíochtaithe, agus gníomhaíochtaí saothraithe faoi seach. Ina theannta sin, dhéanfadh EUSPA creidiúnú slándála an bhonneagair rialtais agus na seirbhísí rialtais i gcomhréir le Caibidil II de Theideal V de Rialachán (AE) 2021/696.

Ba cheart go leanfadh na rialacha mionsonraithe íocaíochta de bheith cosúil leis na rialacha mionsonraithe a bhí ann sa CAI roimhe seo: is iad na gníomhaireachtaí, arna seiceáil ag an gCoimisiún (go háirithe maidir leis an gclúdach iomlán arna dtarmligean ag an gCoimisiún) a ullmhaíonn an íocaíocht réamhaisnéise agus déantar an íocaíocht ar bhonn rialta le go mbeidh na heintitis ar cuireadh cúram orthu aon eisiúint cisteáin a bhainistiú go héifeachtach ar bhealach éifeachtach. Coimeádann an Coimisiún an t-údarás le linn dó íocaíocht a cheadú, go háirithe toisc go bhfuil sé de

cheart dlíthiúil aige í a laghdú i gcás ina meastar go bhfuil an t-éileamh agus an réamhaisnéis bainteach iomarcach.

Tógfar an straitéis rialaithe a saineofar sna comhaontuithe ranníocaíochta timpeall ar an taithí a fuarthas san CAI roimhe seo, go háirithe an próiseas ráithiúil maidir le tuairisciú (lena náirítear cláir a bhaineann le cláir, tuairisciú airgeadais agus bainistíocht riosca) agus le sraitheanna éagsúla bord (bord soláthair mar shampla) agus cruinnithe. Beidh an straitéis rialaithe a bheidh ann amach anseo ag brath ar shainmhíniú na rioscaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann don chlár agus déanfaidh sé a dtábhacht choibhneasta agus an tionchar féideartha ar an gclár a chur san áireamh. Ba léir go raibh an eagraíocht rialaithe seo éifeachtach maidir le príomhghníomhaíochtaí Galileo, EGNOS agus Copernicus mar a shonraítear sna meastóireachtaí meántéarma faoi seach.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Rioscaí sainaitheanta

Riosca teicneolaíoch: úsáid teicneolaíochtaí ceannródaíocha nach bhfuil bailíochtaithe fós agus a bhfuil na sonraíochtaí a bhaineann leo ag síorathrú.

Riosca tionsclaíoch: maidir leis na bonneagair, d'fhéadfadh sé go mbeadh go leor gníomhaithe tionsclaíocha i gceist, i roinnt tíortha, agus is gá a gcuid oibre a chomhordú go héifeachtach le go gcruthófar córais atá iontaofa agus comhtháite, go háirithe maidir le slándáil.

Riosca Tráthchláir: chuirfí na deiseanna a d'fhéadfaí a chruthú i mbaol dá mbeadh aon mhoill ar an gcur chun feidhme agus ba dhócha go gcruthófaí costais bhreise.

Riosca rialachais: éilíonn rialachas an Chláir go mbeadh comhlachtaí éagsúla ag obair i dteannta a chéile, agus ní mór méid áirithe cobhsaíochta agus eagraíochta a áirithiú. Lena chois sin, is gá difríochtaí tuairime idir na gníomhaithe éagsúla, agus go háirithe idir na Ballstáit, a chur san áireamh maidir le roinnt saincheisteanna tábhachtacha. Ina fhianaise sin, ba cheart dearcadh ar chuid de na rioscaí, lena n-áirítear rioscaí airgeadais agus slándála, a roinnt leis na gníomhaithe sin is oiriúnaí le déileáil leo.

Riosca airgeadais: tá an riosca airgeadais nasctha leis an maoiniú neamhleordhóthanach ó na Ballstáit agus ón earnáil phríobháideach. Beidh an riosca sin ar eolas le linn phróiseas an tsoláthair, sula ndéanfar cur síos ar aon chaiteachas a bhaineann le cur chun feidhme an Chláir.

*Rialú inmheánach:*

Tá córas rialaithe inmheánach ginearálta AS DEFIS ag brath ar na tuairiscí éagsúla arna gcur ar fáil ag na heintitis a gcuirfear cúram orthu ar bhonn ráithiúil. Leantar na tuarascálacha sin chun athbhreithniú a dhéanamh ina dhiaidh ar a chinntiú go ndéantar an phleanáil a urramú agus chun dul i ngleic le haon deacracht theicniúil a bhaineann leis na nithe sin, tá obair leantach ar na rioscaí a bhaineann le cur chun feidhme an chláir ar áireamh sna hathbhreithnithe seo. Ina theannta sin, déanann AS DEFIS iniúchtaí *ex-post* chun bainistíocht fhónta airgeadais na n-eintiteas a gcuirfear cúram orthu a áirithiú.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus*

*measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Is iad an Ghníomhaireacht agus GES, trí chomhaontuithe ranníocaíochta, a bhainistíonn príomhbhuiséad an Chláir. Bunaithe ar shonraí ón am atá caite, meastar, maidir le costais fhoriomlána an Choimisiúin a bhaineann le rialú na n-eintiteas ar cuireadh cúram orthu, gurb ionann iad agus níos lú ná 1 % de na cistí gaolmhara atá á mbainistiú. Dhéanfaí meastachán ar chostas na gcomhlachtaí cur chun feidhme, bunaithe ar an tréimhse roimhe sin, idir 5 agus 10 %.

Tá teorainn leis na leibhéil riosca a bhfuiltear ag súil leo i gcás earráide ar íocaíocht agus tráth an dúnta, agus sásra soláthair á chur san áireamh: déanann an Coimisiún cur chun feidhme an tsoláthair a tharmligean chuig an nGníomhaireacht nó chuig an ÚME faoi chreat airgeadais ilbhliantúil agus na gníomhaireachtaí sin a thuairisciú ar bhonn ráithiúil ar an soláthar iarbhír agus réamhmheasta laistigh de theorainneacha na méideanna tarmligthe.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Forálfar sna comhaontuithe ranníocaíochta a eascraíonn as an Rialachán seo a chuirfear i gcrích le tríú páirtithe go ndéanfaidh an Coimisiún, nó aon ionadaí a údaróidh sé, maoirseacht agus rialú airgeadais, agus go ndéanfaidh sé an méid sin in éineacht le hiniúchtaí ag an gCúirt Iniúchóirí nó OLAF, agus is faoi rogha an Aontais Eorpaigh a bheidh an méid sin, ar an toirt más gá.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana (féach an tábla faoi roinn 3.2)

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[51]. | ó thíortha de chuid CSTE[52] | ó thíortha is iarrthóirí[53] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN. | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN. | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 1 | 04.0301 | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 5 | 13.05 | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 6 | 14.07 | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

[51] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
[52] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
[53] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. Foinsí maoiniúcháin le haghaidh Nascacht Shlán an Aontais

### *3.2.1. Cur in áirithe faoi chláir atá ann cheana*

| An Clár Spáis | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 04.0101.03 Clár tacaíochta spáis | 0.900 | 0.550 | 0.300 | 0.300 | 0.300 | 0.300 | 0.450 | 3.100 |
| 04.0201 Galileo/Egnos | 1.325 | | | | | | | 1.325 |
| 04.0203 Govsatcom/SSA | 18.448 | 24.641 | 39.472 | 41.826 | 40.435 | 26.708 | 26.132 | 217.662 |
| Iomlán Spáis | 20.673 | 25.191 | 39.772 | 42.126 | 40.735 | 27.008 | 26.582 | 222.087 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fís Eorpach - an Bhraisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' | | | 86.000 | 86.000 | 86.000 | 86.000 | 86.000 | 430.000 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| NDICI – An Eoraip Dhomhanda' | | | | | 50.000 | 50.000 | 50.000 | 150.000 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán an chur in áirithe | 20.673 | 25.191 | 125.772 | 128.126 | 176.735 | 163.008 | 162.582 | 802.087 |

### *3.2.2. Foinse maoiniúcháin na leithreasuithe faoi Chlár nua an Aontais um Nascacht Shlán*

| Ranníocaíocht ón | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| gClár Spáis | | | | | | | | |
| Tacaíocht Galileo/EGNOS | | | 0.250 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.050 | 0.900 |
| Galileo/EGNOS | | | | | 80.000 | 80.000 | 97.013 | 257.013 |
| Iomlán Galileo/EGNOS | | | 0.250 | 0.200 | 80.200 | 80.200 | 97.063 | 257.913 |

| Ranníocaíocht ó SCE | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Snáithe Digiteach | | | | 50.000 | 50.000 | 50.000 | 50.000 | 200.000 |

| Ranníocaíocht ó CED | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CED[54] | | | 88.000 | 88.000 | 88.000 | 88.000 | 88.000 | 440.000 |

| Ranníocaíocht ón gCiste Eorpach Cosanta | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Forbairt cumais | | | | 51.000 | 61.000 | 71.000 | 85.000 | 268.000 |
| Taighde ar chosaint | | | | 25.000 | 30.000 | 35.000 | 42.000 | 132.000 |
| Iomlán CEF | | | | 76.000 | 91.000 | 106.000 | 127.000 | 400.000 |

[54] Táthar ag súil leis ón gcibearshlándáil den chuid is mó

| Rannchuidiú ó NDICI – An Eoraip Dhomhanda | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn | | | | | 50.000 | 50.000 | 50.000 | 150.000 |

| Úsáid na gcorrlach | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceannteideal 1 | | | 20.000 | 10.000 | 10.000 | 5.000 | 5.000 | 50.000 |
| Ceannteideal 5 | | | 30.000 | 20.000 | 20.000 | 15.000 | 15.000 | 100.000 |
| Iomlán na gcorrlach | | | 50.000 | 30.000 | 30.000 | 20.000 | 20.000 | 150.000 |

ACHOIMRE AR AN RANNÍOCAÍOCHT Ó CHLÁIR AGUS Ó CHORRLAIGH

| Ranníocaíocht ó chláir agus ó chorrlaigh | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Spás | | | 0.250 | 0.200 | 80.200 | 80.200 | 97.063 | 257.913 |
| SCE | | | | 50.000 | 50.000 | 50.000 | 50.000 | 200.000 |
| CED | | | 88.000 | 88.000 | 88.000 | 88.000 | 88.000 | 440.000 |
| Corrlach cheannteideal 1 | | | 20.000 | 10.000 | 10.000 | 5.000 | 5.000 | 50.000 |
| **Fo-iomlán cheannteideal 1** | | | **108.250** | **148.200** | **228.200** | **223.200** | **240.063** | **947.913** |
| EDF | | | | 76.000 | 91.000 | 106.000 | 127.000 | 400.000 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Corrlach cheannteideal 5 | | | 30.000 | 20.000 | 20.000 | 15.000 | 15.000 | 100.000 |
| **Fo-iomlán cheannteideal 5** | | | **30.000** | **96.000** | **111.000** | **121.000** | **142.000** | **500.000** |
| ICFCI | | | | | 50.000 | 50.000 | 50.000 | 150.000 |
| **Fo-iomlán cheannteideal 6** | | | | | **50.000** | **50.000** | **50.000** | **150.000** |
| Móriomlán Nascacht Shlán an Aontais | | | 138.250 | 244.200 | 389.200 | 394.200 | 432.063 | 1.597.913 |

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 01 | An Margadh Aonair. Nuálaíocht & Digiteach – Braisle 4 Spás |
|---|---|---|

| | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 04.0301 Leithreasuithe oibriúcháin nascacht shlán[55] | Gealltanais | (1) | | 0 | 108.000 | 148.000 | 228.000 | 223.200 | 240.013 | | **947.013** |
| | Íocaíochtaí | (2) | | | 100.000 | 100.000 | 200.000 | 200.000 | 200.000 | 147.013 | **947.013** |
| 04.0101.03 – Caiteachas tacaíochta | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3) | | | 0.250 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.050 | | **0.900** |
| IOMLÁN na leithreasuithe d'**imchlúdach an Chláir faoi cheannteideal 1** | Gealltanais | =1+3 | | | **108.250** | **148.200** | **228.200** | **223.200** | **240.063** | | **947.913** |
| | Íocaíochtaí | =2+3 | | | **100.250** | **100.200** | **200.200** | **200.200** | **200.050** | **147.013** | **947.913** |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 04 0301 Ranníocaíocht ón mbuiséad le haghaidh nascacht shlán le buiséad EUSPA | Gealltanais | (4) | | | -1.950 | -2.850 | -3.850 | -5.500 | -5.850 | | **-20.000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | -1.950 | -2.850 | -3.850 | -5.500 | -5.850 | | **-20.000** |

55 Déanfar an buiséad seo a leanas a chomhtharmligean chuig AS CNECT:

- € 390 milliún (ranníocaíocht ó CED) chun an chuid de EuroQCI ar talamh a chur i gcrích.
- Úsáidfear € 50 milliún (ranníocaíocht ó CED) chun ailtireacht shlán ar bord na nascachta sláine a fhorbairt, a mbeidh QKD mar chuid di, lena n-áirítear na naisc leis an gcóras athsheachadta sonraí spáis.
- € 90 milliún (ranníocaíocht ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa) le caitheamh ar an gcuid de EuroQCI ar talamh
- € 110 milliún (ranníocaíocht ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa) chun soláthar na coda bonneagair satailíte de EuroQCI a chumhdach

| | | | | | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe **d'imchlúdach an chláir** | Gealltanais | =1+3 +4 | | | **106.300** | **145.350** | **224.350** | **217.700** | **234.213** | | **927.913** |
| | Íocaíochtaí | =2+3 +5 | | | **98.300** | **97.350** | **196.350** | **194.700** | **194.200** | **147.013** | **927.913** |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi cheannteideal 1** | Gealltanais | =1+3 | | | **108.250** | **148.200** | **228.200** | **223.200** | **240.063** | | **947.913** |
| | Íocaíochtaí | =2+3 | | | **100.250** | **100.200** | **200.200** | **200.200** | **200.050** | **147.013** | **947.913** |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 05 | Slándáil agus Cosaint – Braisle 13 Cosaint |
|---|---|---|

| | | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 13.0501 Leithreasuithe oibriúcháin Nascacht shlán | Gealltanais | (1) | | | 30.000 | 96.000 | 111.000 | 121.000 | 142.000 | | **500.000** |
| | Íocaíochtaí | (2) | | | 30.000 | 50.000 | 100.000 | 100.000 | 100.000 | 120.000 | **500.000** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe** | Gealltanais | =1 | | | **30.000** | **96.000** | **111.000** | **121.000** | **142.000** | | **500.000** |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **d'imchlúdach an Chláir faoi cheannteideal 5** | Íocaíochtaí | =2 | | | **30.000** | **50.000** | **100.000** | **100.000** | **100.000** | **120.000** | **500.000** |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 06 | AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN – Braisle 14 Gníomhaíocht Sheachtrach |
|---|---|---|

| | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 14.07 Leithreasuithe oibriúcháin Nascacht shlán | Gealltanais | (1) | | | | | 50.000 | 50.000 | 50.000 | | **150.000** |
| | Íocaíochtaí | (2) | | | | | 40.000 | 40.000 | 40.000 | 30.000 | **150.000** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe d'imchlúdach an Chláir faoi cheannteideal 6** | Gealltanais | =1 | | | | | **50.000** | **50.000** | **50.000** | | **150.000** |
| | Íocaíochtaí | =2 | | | | | **40.000** | **40.000** | **40.000** | **30.000** | **150.000** |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta, lena n-áirítear buiséad aistrithe EUSPA) | Gealltanais | (4) | | | 138.000 | 244.000 | 389.000 | 394.000 | 432.013 | | **1 597.013** |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | 130.000 | 150.000 | 340.000 | 340.000 | 340.000 | 297.013 | **1 597.013** |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais = Íocaíochtaí | (6) | | | 0.250 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.050 | | 0.900 |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | Gealltanais | =4+6 | | | **138.250** | **244.200** | **389.200** | **394.200** | **432.063** | | **1 597.913** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | | | **130.250** | **150.200** | **340.200** | **340.200** | **340.050** | **297.013** | **1 597.913** |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | 2.334 | 2.334 | 2.334 | 2.334 | 1.690 | 1.448 | | **12.474** |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0.343 | 0.343 | 0.343 | 0.343 | 0.343 | 0.343 | | **2.058** |

| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | **2.667** | **2.667** | **2.667** | **2.667** | **2.033** | **1.791** | | **14.532** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | | 2.677 | 140.927 | 246.877 | 391.877 | 396.23341 | 433.854 | | **1 612.445** |
| | Íocaíochtaí | | 2.677 | 132.927 | 152.877 | 342.877 | 342.23333 | 341.841 | 297.013 | **1 612.445** |

Mar eolas. sa bhreis ar an gClár Spáis agus ar chlár an Aontais um Nascacht Shlán, tá clúdach ar leith i bpacáiste CAI le haghaidh ranníocaíocht an Aontais leis an nGníomhaireacht arb ionann í agus € 504 mhilliún i dtosach. Tá ranníocaíocht bhreise € 20 milliún ann chun na baill foirne bhreise a mhaoiniú do EUSPA (30 post in 2027).

| EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil) | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 04.10 01 Ranníocaíocht AE leis an nGníomhaireacht | Gealltanais | 56.175 | 68.345 | 72.812 | 75.770 | 76.059 | 77.577 | 77.777 | | 504.515 |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Íocaíochtaí | 56.175 | 68.345 | 72.812 | 75.770 | 76.059 | 77.577 | 77.777 | | 504.515 |
| Ranníocaíocht ón mbuiséad le haghaidh nascacht shlán le buiséad EUSPA | Gealltanais | | | 1.950 | 2.850 | 3.850 | 5.500 | 5.850 | | 20.000 |
| | Íocaíochtaí | | | 1.950 | 2.850 | 3.850 | 5.500 | 5.850 | | 20.000 |
| **IOMLÁN EUSPA** | **Gealltanais** | **56.175** | **68.345** | **74.762** | **78.620** | **79.909** | **83.077** | **83.627** | | **524.515** |
| | **Íocaíochtaí** | **56.175** | **68.345** | **74.762** | **78.620** | **79.909** | **83.077** | **83.627** | | **524.515** |

Déantar buiséad breise EUSPA a mhiondealú mar a leanas:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil) | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1 – tuarastail | Gealltanais | | | 1.225 | 1.825 | 2.450 | 3.700 | 3.950 | | 13.150 |
| | Íocaíochtaí | | | 1.225 | 1.825 | 2.450 | 3.700 | 3.950 | | 13.150 |
| Teideal 2 – caiteachas riaracháin eile | Gealltanais | | | 0.450 | 0.750 | 1.000 | 1.400 | 1.400 | | 5.000 |
| | Íocaíochtaí | | | 0.450 | 0.750 | 1.000 | 1.400 | 1.400 | | 5.000 |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 3– caiteachas oibríochtúil | Gealltanais | | | 0.275 | 0.275 | 0.400 | 0.400 | 0.500 | | 1.850 |
| | Íocaíochtaí | | | 0.275 | 0.275 | 0.400 | 0.400 | 0.500 | | 1.850 |
| **IOMLÁN bhuiséad breise EUSPA** | **Gealltanais** | | | **1.950** | **2.850** | **3.850** | **5.500** | **5.800** | | **20.000** |
| | **Íocaíochtaí** | | | **1.950** | **2.850** | **3.850** | **5.500** | **5.800** | | **20.000** |

Foireann EUSPA is gá le haghaidh 2021-2027 (an líon ball foirne):

| Foireann thosaigh EUSPA. de réir an rialacháin spáis | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhairí sealadacha AD | 189 | 229 | 249 | 249 | 249 | 249 | 249 |
| Gníomhairí sealadacha AST | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CAnna | 34 | 34 | 34 | 34 | 34 | 34 | 34 |
| SNInna | 13 | 14 | 14 | 14 | 16 | 16 | 16 |
| **IOMLÁN** | **238** | **279** | **299** | **299** | **301** | **301** | **301** |

| Foireann bhreise arna hiarraidh le haghaidh EUSPA | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhairí sealadacha AD | 0 | 0 | 5 | 8 | 10 | 15 | 15 |
| Gníomhairí sealadacha AST | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| CAnna | 0 | 0 | 4 | 5 | 7 | 10 | 12 |
| SNInna | 0 | 0 | 1 | 1 | 2 | 3 | 3 |
| **IOMLÁN** | **0** | **0** | **10** | **14** | **19** | **28** | **30** |

| IOMLÁN fhoireann EUSPA | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhairí sealadacha AD | 189 | 229 | 254 | 257 | 259 | 264 | 264 |
| Gníomhairí sealadacha AST | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| CAnna | 34 | 34 | 38 | 39 | 41 | 44 | 46 |
| SNInna | 13 | 14 | 15 | 15 | 18 | 19 | 19 |
| **IOMLÁN** | **238** | **279** | **309** | **313** | **320** | **329** | **331** |

Baineann na 30 post breise do EUSPA le hoibriú an bhonneagair rialtais agus le soláthar na seirbhísí rialtais, lena n-áirítear bainistiú na gconarthaí gaolmhara, chomh maith le creidiúnú slándála an bhonneagair agus na seirbhísí rialtais. agus comhordú uileghabhálach na ngnéithe de na seirbhísí rialtais a bhaineann leis na húsáideoirí

3.2.4. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Bliain** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | 2.334 | 2.334 | 2.334 | 2.334 | 1.690 | 1.448 | **12.474** |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0.343 | 0.343 | 0.343 | 0.343 | 0.343 | 0.343 | **2.058** |
| Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | 2.677 | 2.677 | 2.677 | 2.677 | 2.033 | 1.791 | **14.532** |
| Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin (na seanlínte BA) | | | 0.250 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.050 | **0.900** |
| Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | 0.250 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.050 | **0.900** |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN | | **2.677** | **2.927** | **2.877** | **2.877** | **2.233** | **1.841** | **15.432** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imscartha laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.4.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ✓ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| **Bliain** | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach) **le haghaidh AS DEFIS** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | | 11 | 11 | 11 | 11 | 8 | 7 |
| Toscaireachtaí | | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | |
| • Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) **- AC. AL. END. INT agus JED for DG DEFIS** Ceannteideal 7 | | | | | | | | |
| Maoinithe ó CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa Cheanncheathrú | | 7 | 7 | 7 | 7 | 5 | 4 |
| | - i dToscaireachtaí | | | | | | | |
| Maoinithe ó imchlúdach an chláir | - sa Cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dToscaireachtaí | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | |
| Eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| IOMLÁN | | | **18** | **18** | **18** | **18** | **13** | **11** |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imscarfar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | 11 FTE chun tús a chur leis na gníomhaíochtaí. laghdaithe go 7 in 2027 chun bainistiú an CPP agus faireachán oibríochtúil agus dlíthiúil ar na gníomhaíochtaí a áirithiú. |
| Pearsanra seachtrach | 7 FTE chun tús a chur leis na gníomhaíochtaí (3 AC agus 4 SNI). laghdaithe go 4 in 2027 (1 AC agus 3 SNI) chun bainistiú an CPP agus faireachán oibríochtúil ar na gníomhaíochtaí a áirithiú. |

*3.2.5. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| Ceannteidil 1, 5 agus 6. Féach na sonraí i roinn 3.2. |
|---|

– ☑ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

| Corrlaigh Cheannteidil 1 agus 5. Féach na sonraí i roinn 3.2 |
|---|

– ☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |
|---|

*3.2.6. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☑ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| GES agus/nó Ballstáit | Le deimhniú | Le deimhniú | Le deimhniú | Le deimhniú | Le deimhniú | Le deimhniú |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | |

Déanfaidh GES agus/nó na Ballstáit a rannpháirtíocht i ngníomhaíocht den sórt sin a dhearbhú níos déanaí

## 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[56] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[…]

56 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.